AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 585 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE

i gcomhréir le hAirteagal 105a(6) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir le maoluithe rátaí CBL arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit

Réamhrá

Cuireann an Coimisiún an tuarascáil seo i láthair i gcomhréir le hAirteagal 105a(6) de Threoir 2006/112/CE[1] (Treoir CBL), ina sonraítear na soláthairtí earraí agus seirbhísí a chumhdaítear le míreanna 1 agus 3 d'Airteagal 105a agus le hAirteagal 105b. Mínítear sa tuarascáil conas a chuireann na Ballstáit maoluithe i bhfeidhm lena mbaineann rátaí laghdaithe, lena n-áirítear rátaí níos ísle ná an t-íosmhéid a shonraítear in Airteagal 98(1) (rátaí forlaghdaithe), agus díolúintí lena ngabhann in-asbhainteacht CBL arna íoc ag an gcéim roimhe sin (rátaí nialasacha).

Tá na sonraí a sholáthraítear sa tuarascáil seo bunaithe go heisiach ar fhaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún freagracht a ghlacadh as aon mhíchruinneas sna sonraí. Ní gá go léireodh aon chonclúid ná míniú atá sa tuarascáil seo tuairim oifigiúil an Choimisiúin. Ní fhéadfaidh an Coimisiún ná aon duine atá ag gníomhú thar a cheann freagracht a ghlacadh as úsáid na faisnéise sa tuarascáil seo ina dhiaidh sin.

[1] Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1), arna leasú.

Clár ábhar

1. Achoimre Feidhmiúcháin 4
2. Comhthéacs 5
3. Earraí agus seirbhísí a bhfuil maoluithe ar rátaí CBL i bhfeidhm ag na Ballstáit ina leith 7
3.1 Barúlacha ginearálta maidir leis na maoluithe uile 7
3.2 Maoluithe maidir le hearraí agus seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III 9
3.3 Maoluithe le haghaidh earraí agus seirbhísí nach liostaítear in Iarscríbhinn III 11
3.4 Maoluithe maidir le tithíocht nach cuid de bheartas sóisialta í 12
3.5 Maoluithe lena ngabhann roghanna arna ndéanamh faoi Airteagal 105a(5) 12
4. Ionchas 13
Iarscríbhinn 1: Liosta simplithe maoluithe 15
Iarscríbhinn 2: Liosta simplithe maoluithe de réir earnála 20
Iarscríbhinn 3: Liosta mionsonraithe maoluithe de réir Ballstáit 25

Liosta na bhFíoracha

Fíor 1: Líon na maoluithe arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit 7
Fíor 2: Idirbhearta a chumhdaítear le maoluithe iolracha 8
Fíor 3: Líon na maoluithe de réir cineál ráta CBL 8
Fíor 4: Maoluithe de réir earnáil eacnamaíoch 9
Fíor 5: Maoluithe lena mbaineann ráta forlaghdaithe de réir Ballstáit 10
Fíor 6: Maoluithe arna roghnú ag na Ballstáit faoi Airteagal 105a(5) 13

Gluais

Ráta laghdaithe:	Ráta CBL nach lú ná an t-íosmhéid 5 %.
Ráta forlaghdaithe:	Ráta laghdaithe atá níos ísle ná an t-íosmhéid 5 %.
Ráta nialasach:	Díolúine lena ngabhann in-asbhainteacht CBL arna íoc ag an gcéim roimhe sin.
Ráta páirceála:	Ráta laghdaithe nach lú ná 12 %.
Maolú:	Chun críoch na tuarascála seo, ciallaíonn 'maolú' ráta CBL a chur i bhfeidhm atá níos ísle ná an ráta caighdeánach bunaithe ar Airteagail 105a(1), 105a(3) nó 105b den Treoir CBL.

Faisnéis Dhlíthiúil

Tá an tuarascáil seo bunaithe go heisiach ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit ina gcumarsáid chuig an gCoiste um CBL.

De bhun Airteagal 105a(6) den Treoir CBL, ní mór don Choimisiún, faoin 1 Iúil 2025 agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, tuarascáil a thíolacadh ina mbeidh liosta cuimsitheach ina léirítear na hearraí agus na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 d'Airteagal 105a agus in Airteagal 105b a gcuirtear na rátaí laghdaithe, lena n-áirítear na rátaí forlaghdaithe, nó na rátaí nialasacha i bhfeidhm ina leith sna Ballstáit.

Faoin 7 Iúil 2022 ar a dhéanaí, bhí ar na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta agus an coinníoll maidir lena gcur i bhfeidhm mar a cuireadh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 a chur in iúl don Choiste um CBL maidir leis an méid seo a leanas:

- na rátaí forlaghdaithe agus na rátaí nialasacha dá dtagraítear in Airteagal 105a(1)[2]

  (*earraí agus seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III, cé is moite de phointí 1–6 agus 10c*)
- na rátaí páirceála dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 105a(3)[3]

  (*earraí agus seirbhísí nach liostaítear in Iarscríbhinn III)*
- na rátaí laghdaithe dá dtagraítear in Airteagal 105b(1)[4]

  (*idirbhearta maidir le tithíocht nach cuid de bheartas sóisialta iad*).

Na Ballstáit nár chuir rátaí páirceála, rátaí forlaghdaithe ná rátaí nialasacha i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta thuasluaite an 1 Eanáir 2021, ach ar mhian leo é sin a dhéanamh, bhí orthu na rialacha mionsonraithe a ghlacadh lena rialaítear feidhmiú na roghanna sin faoin 7 Deireadh Fómhair 2023. Bhí orthu freisin téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlac siad a chur in iúl don Choiste um CBL[5]. Ní mór do na Ballstáit sin na rátaí sin a chur i bhfeidhm ar na soláthairtí céanna earraí nó seirbhísí agus faoi na coinníollacha céanna is infheidhme an 1 Eanáir 2021 sna Ballstáit a chuir in iúl, faoin 7 Iúil 2022[6], a bpríomhfhorálacha agus a bpríomhchoinníollacha maoluithe a bhí i bhfeidhm cheana.

Mar a leagtar amach in Airteagal 105a(6) den Treoir CBL, **ní chumhdaítear le raon feidhme na tuarascála seo ach maoluithe buana**.

Tá maoluithe eile ann, amhail na maoluithe sin a luaitear in Airteagal 105a(2) den Treoir CBL, lena gcumhdaítear idirbhearta nach liostaítear in Iarscríbhinn III, a gcuireann na Ballstáit ráta CBL níos ísle ná 12 % i bhfeidhm ina leith, lena n-áirítear rátaí forlaghdaithe agus rátaí nialasacha. Is maoluithe **sealadacha** iad na maoluithe sin, toisc nach bhféadfaidh na Ballstáit ach rátaí laghdaithe CBL níos ísle ná 12 % nó rátaí forlaghdaithe nó nialasacha a chur i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2032, nó go dtí go nglacfar socruithe cinntitheacha faoi Airteagal 402 den Treoir CBL. **Ní dhéantar tagairt sa tuarascáil do na maoluithe sealadacha sin.**

[2] Airteagal 98(2), an dara fomhír, pointe (b) den Treoir CBL.
[3] Airteagal 105a(3), an dara fomhír, den Treoir CBL.
[4] Airteagal 105b(2) den Treoir CBL.
[5] Airteagal 105a(5) den Treoir CBL.
[6] Airteagal 105a(1), an ceathrú fomhír; Airteagal 105a(3) an tríú fomhír; Airteagal 105b(3) den Treoir CBL.

1. Achoimre Feidhmiúcháin

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar an gcaoi a gcuireann na Ballstáit **maoluithe ar ráta CBL** i bhfeidhm, rud a léiríonn **dáileadh** míchothrom. As 64 mhaolú san iomlán, cumhdaíonn **Lucsamburg, Éire agus an Iodáil** amháin **75 %** díobh. Baineann an chuid eile le seacht mBallstát eile, is iad sin **Málta**, **an Chipir**, **an Ghréig**, **an Fhrainc**, **an Phortaingéil**, **an Spáinn** agus **an Ostair**.

Déantar difear do **54 chineál idirbhirt ar leith**, agus forluíonn cur i bhfeidhm 10 gcinn díobh in 8 mBallstát. Baineann **níos mó ná 90 %** de na maoluithe le cur i bhfeidhm **rátaí forlaghdaithe (31 mhaolú)** agus **rátaí páirceála (28 maolú)**.

Is í an **earnáil tithíochta agus tógála** is mó a bhfuil maoluithe orthu ag beagnach **30 %**, agus ina dhiaidh sin tá earnálacha amhail **cultúr agus turasóireacht**, **seirbhísí poiblí**, **bia agus fáilteachas** agus **seirbhísí airgeadais**, arbh iad le chéile **sciar 40 %**. I measc na n-earnálacha eile lena mbaineann tá **talmhaíocht**, **leas ainmhithe** agus **craoltóireacht**.

Chuir **7 mBallstát 33 mhaolú** san iomlán i bhfeidhm lena gcumhdaítear earraí agus seirbhísí **a liostaítear in Iarscríbhinn III** faoi choinníollacha a leagtar síos in **Airteagal 105a(1)** den Treoir CBL, agus is é **Lucsamburg** amháin atá i gceist le **45 %**. **Tá Éire uathúil** ó thaobh **rátaí nialasacha CBL** a chur i bhfeidhm maidir le héadaí leanaí agus seirbhísí muirí. Cuireann **an Iodáil**, **an Chipir**, **an Fhrainc**, **an Spáinn** agus **an Ghréig** maoluithe den chatagóir sin i bhfeidhm freisin lena gcumhdaítear **rátaí forlaghdaithe** idir **2,1 % agus 4 %**.

Thairis sin, baineann **28 maolú** arna gcur i bhfeidhm ag **6 Bhallstát** le hearraí agus seirbhísí **nach liostaítear in Iarscríbhinn III**, lena gceanglaítear íosráta 12 % a bheith buan i gcónaí. **Tá Éire ar bharr an liosta** sa chatagóir sin, tar éis di leath na maoluithe uile a chur isteach. Roinneann **Lucsamburg**, **Málta**, **an Phortaingéil**, **an Ostair** agus **an Ghréig** an leath eile de na maoluithe sa chatagóir sin. Tá na **rátaí páirceála** a chuirtear i bhfeidhm sa chatagóir seo idir **12 % agus 14 %**.

Is í **an Iodáil** an t-aon tír a chuireann an tríú catagóir maoluithe a bhaineann le **tithíocht neamhshóisialta** i bhfeidhm. Úsáideann sí **ráta CBL 10 %** le haghaidh idirbhearta éagsúla a bhaineann le tógáil agus athchóiriú foirgneamh, agus d'fhéadfadh sé sin leanúint ar aghaidh tar éis an **1 Eanáir 2042** má chomhlíontar an ceanglas maidir le **híosráta 12 %**.

Is **beag úsáid a baineadh** as an **rogha chun rogha a dhéanamh** as na maoluithe a chuir Ballstáit eile i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021. Cúis shochreidte amháin leis sin is ea nár mheas na Ballstáit lena mbaineann i gcónaí go raibh na coinníollacha sonracha maidir le cur i bhfeidhm oiriúnach dá riachtanais. Is iad **an Chipir, an Ghréig** agus **Málta** amháin a roghnaigh **naoi maolú** san iomlán a chuir sé Bhallstát eile i bhfeidhm, agus na maoluithe sin roinnte go cothrom idir **rátaí forlaghdaithe** agus **rátaí páirceála**.

2. Comhthéacs

Leis an Séú Treoir CBL[7] ó 1977, réitíodh an bealach do chomhchóras CBL san Aontas. Rinne sé comhchuibhiú ar phríomhghnéithe amhail an bonn cánach agus dliteanas, ach thug sé saoirse shuntasach do na Ballstáit rátaí CBL a shocrú. Tháinig cleachtais náisiúnta éagsúla chun cinn mar thoradh air sin, lena n-áirítear rátaí laghdaithe iomadúla agus rátaí nialasacha, a choinnítear ar bun go minic trí bhearta idirthréimhseacha a dheonaítear do Bhallstáit nua tráth an aontachais.

Le cur i gcrích an mhargaidh aonair in 1993, bhí gá le comhfhogasú níos dlúithe ar chórais CBL mar gheall ar theorainneacha fioscacha a bheith bainte. Chuige sin, le tabhairt isteach rialacha idirthréimhseacha lena mbaineann díolúine le haghaidh soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal agus cánachas comhfhreagrach ar éadálacha ag an gceann scríbe, áirithíodh go raibh idirbhearta faoi réir CBL sa Bhallstát tomhaltais, rud a laghdaigh an riosca go mbeadh saobhadh trádála ann mar gheall ar rátaí éagsúla CBL[8]. Thacaigh bearta simpliúcháin nua leis an athrú[9], agus leasaíodh raon feidhme chur i bhfeidhm rátaí CBL chun íosráta caighdeánach 15 % a áireamh chomh maith le ráta laghdaithe amháin nó 2 ráta laghdaithe 5 % ar a laghad le haghaidh míreanna a liostaítear in Iarscríbhinn III[10].

Faoi mhaoluithe áirithe, áfach, d'fhéadfadh na Ballstáit rátaí laghdaithe nó nialasacha a tugadh isteach roimh 1991 a choinneáil. Ar dtús, ba cheart na maoluithe sin a bheith sealadach, go dtí go dtabharfaí isteach córas cinntitheach CBL, ach bhí siad fós ann ar feadh na mblianta fada. Le himeacht ama, bhí tírdhreach CBL ilroinnte agus casta mar thoradh ar charnadh eisceachtaí aonair, rud a d'fhág go raibh sé deacair comhlíonadh a dhéanamh, agus a chruthaigh éiginnteacht dhlíthiúil sa mhargadh aonair. Leis an aistriú chuig córas CBL atá bunaithe ar cheann scríbe, a leathnaítear de réir a chéile chuig seirbhísí, réitíodh an bealach do níos mó solúbthachta maidir le rátaí a shocrú. Ós rud é go bhfuil CBL iníoctha anois sa Bhallstát tomhaltais, is lú seans go ndéanfaidh difríochtaí i rátaí náisiúnta CBL saobhadh ar thrádáil trasteorann.

Cloch mhíle thábhachtach is ea an tuarascáil seo tar éis an **chéad athchóirithe mhóir ar rátaí CBL** san Aontas ó thús na 1990idí. Bunaithe ar an athchóiriú sin, tháinig rialacha nua maidir le rátaí CBL i bhfeidhm an 6 Aibreán 2022[11].

Leis an athchóiriú, soláthraítear **solúbthacht mhéadaithe** do na Ballstáit agus déantar rátaí CBL a ailíniú le cuspóirí Eorpacha níos leithne, lena n-áirítear sláinte phoiblí, claochlú digiteach agus inbhuanaitheacht chomhshaoil. Leis na rialacha nua, ceadaítear do na Ballstáit suas le 2 ráta laghdaithe CBL 5 % ar a laghad a chur i bhfeidhm maidir le hearraí agus seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III athbhreithnithe a ghabhann leis an Treoir CBL. Tá an rogha acu freisin ráta laghdaithe níos lú ná 5 % (ráta forlaghdaithe) nó ráta nialasach CBL (díolúine lena ngabhann in-asbhainteacht ag an gcéim roimhe sin) a chur i bhfeidhm maidir le hearraí agus

[7] An Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnachta, IO L 145, 13.6.1977, lch. 1.

[8] Treoir 91/680/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 lena bhforlíontar an comhchóras cánach breisluacha agus lena leasaítear Treoir 77/388/CEE d'fhonn teorainneacha fioscacha a dhíothú, IO L 376, 31.12.1991, lch. 1.

[9] Treoir 92/111/CEE ón gComhairle an 14 Nollaig 1992 lena leasaítear Treoir 77/388/CEE agus lena dtugtar isteach bearta simplithe maidir le cáin bhreisluacha, IO L 384, 30.12.1992, lch. 47.

[10] Treoir 92/77/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 lena bhforlíontar an comhchóras cánach breisluacha agus lena leasaítear Treoir 77/388/CEE (comhfhogasú rátaí CBL), IO L 316, 31.10.1992, lch. 1.

[11] Treoir (AE) 2022/542 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Treoracha 2006/112/CE agus (AE) 2020/285 a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha, IO L 107, 6.4.2022, lch. 1.

seirbhísí fíor-riachtanacha sonracha, amhail bia agus cógais, ach painéil ghréine freisin. Ina theannta sin, bunaítear leis sprioc-amanna chun deireadh a chur de réir a chéile le rátaí laghdaithe le haghaidh táirgí atá díobhálach don chomhshaol amhail breoslaí iontaise agus lotnaidicídí ceimiceacha faoi 2030 agus 2032, faoi seach.

Leis an athchóiriú ar rátaí CBL, áirithíodh cóir níos cothroime freisin a mhéid a chuir sé ar chumas na mBallstát díolúintí áirithe nó rátaí laghdaithe áirithe a roghnú agus tairbhe a bhaint astu, ar díolúintí nó rátaí iad a deonaíodh do Bhallstáit eile tráth an aontachais leis an Aontas agus nár tairgeadh do Bhallstáit a tháinig isteach le déanaí.

Laistigh den chreat sin, tugtar forléargas sa tuarascáil seo, arna dréachtú i gcomhréir le hAirteagal 105a(6) den Treoir CBL, **ar mhaoluithe buana ar an ráta CBL** atá á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit faoi láthair. Tá na maoluithe sin scaipthe thar thrí ghrúpa: ceann amháin a bhaineann le hearraí agus seirbhísí **a liostaítear in Iarscríbhinn III**; ceann amháin a bhaineann le hearraí agus seirbhísí **nach liostaítear in Iarscríbhinn III**; agus ceann amháin a bhaineann le hidirbhearta **tithíochta neamhshóisialta**.

Cuirtear faisnéis luachmhar ar fáil sa tuarascáil ar féidir í a úsáid chun tuilleadh anailíse a dhéanamh agus chun teacht ar chonclúidí breise maidir leis an gcaoi a n-ailíníonn na maoluithe sin le cuspóirí níos leithne chreat CBL athbhreithnithe an Aontais agus conas a thacaíonn siad leo.

3. Earraí agus seirbhísí a bhfuil maoluithe ar rátaí CBL i bhfeidhm ag na Ballstáit ina leith


3.1 Barúlacha ginearálta maidir leis na maoluithe uile

Tá cur i bhfeidhm na maoluithe ar an ráta CBL míchothrom. Léiríonn an fhaisnéis a chuir **10 mBallstát** ar fáil go gcuireann siad **64 mhaolú** san iomlán i bhfeidhm. Cuireann **Lucsamburg** an líon is airde maoluithe (21) i bhfeidhm, is é sin beagnach aon trian den iomlán. Is í **Éire** an chéad tír eile le 16, agus **an Iodáil** ansin le 11. Le chéile, cumhdaíonn na 3 Bhallstát sin 48 maolú, nó 75 % den líon iomlán.

Baineann na 16 mhaolú eile, arbh iad 25 % den iomlán, le **Málta** (4), **an Chipir** (3), **an Fhrainc** (2), **an Ghréig** (2), **an Phortaingéil** (2), **an Spáinn** (2) agus **an Ostair** (1).

Is iad **Málta**, **an Chipir** agus **an Ghréig** amháin a léirigh gur roghnaigh siad na maoluithe áirithe a chuir Ballstáit eile i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 105a(5) den Treoir CBL a chur i bhfeidhm.

Fíor 1:



Soláthraítear in **Iarscríbhinn 1 liosta simplithe** de na maoluithe uile, arna miondealú de réir airteagail den Treoir CBL faoi seach.

Tugtar liosta mionsonraithe in **Iarscríbhinn 3** de na maoluithe uile, ina sonraítear na hidirbhearta agus na coinníollacha a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm.

Tá **64 mhaolú** san iomlán i bhfeidhm; i gcásanna áirithe, tá feidhm ag níos mó ná maolú amháin maidir leis an idirbheart céanna, i.e. an cineál céanna soláthair earraí nó seirbhísí. Is é an toradh atá ar an bhforluí **54 chineál idirbheart san iomlán a thairbhíonn de mhaoluithe**. Dá bhrí sin, tá deich gcineál idirbheart faoi réir maoluithe arna gcur i bhfeidhm ag dhá Bhallstát, is iad sin **Éire**, **Lucsamburg**, **an Chipir**, **an Fhrainc**, **an Ghréig**, **an Iodáil**, **Málta** agus **an Phortaingéil**.

Eascraíonn naoi gcinn de na hiarratais dhúbailte sin as na Ballstáit a bheith ag feidhmiú na rogha dá bhforáiltear faoi Airteagal 105a(5) den Treoir CBL, lena gceadaítear dóibh maolú a roghnú ó na bearta a chuireann Ballstáit eile i bhfeidhm.

Baineann an t-idirbheart eile le **hÉirinn** agus le **Lucsamburg**; chuir siad araon rátaí nialasacha agus rátaí forlaghdaithe faoi seach i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 maidir le héadaí agus coisbheart leanaí.

Fíor 2:


Idirbhearta a chumhdaítear le maoluithe iolracha

Idirbhearta	Cineál ráta	Ballstáit
1. Éadaí agus coisbheart leanaí	RN, RFL	Éire, Lucsamburg
2. Céad taibhithe amharclainne	RFL	An Chipir, An Fhrainc
3. Deireadh a chur le bacainní ailtireachta	RFL	An Ghréig, An Iodáil
4. Diúscairt agus cóireáil séarachais	RFL	An Chipir, Lucsamburg
5. Bailiú agus cóireáil dramhaíola	RFL	An Chipir, Lucsamburg
6. Seirbhísí cúraim coirp	RP	Éire, Málta
7. Cumhdach agus bainistíocht urrús	RP	Lucsamburg, Málta
8. Bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa	RP	Lucsamburg, Málta
9. Uirlisí agus trealamh talmhaíochta	RP	An Ghréig, An Phortaingéil
10. Modhanna iompair a fhruiliú sa ghearrthéarma	RP	Éire, Málta

As na cineálacha éagsúla rátaí CBL, is é an **ráta forlaghdaithe** an **sciar is mó**, agus tá 31 mhaolú ann arbh iad beagnach leath den iomlán (48,4 %). Leanann rátaí páirceála go dlúth le 28 maolú, agus is é sin 43,8 %.

Baineann an grúpa maoluithe atá fágtha leis **an Iodáil** agus le **hÉirinn**, lena gcumhdaítear cur i bhfeidhm rátaí laghdaithe agus rátaí nialasacha, faoi seach.

Fíor 3:




I dtéarmaí na n-earnálacha eacnamaíocha lena mbaineann, is léir go bhfuil an **earnáil tithíochta agus tógála chun tosaigh**, arbh í beagnach 30 % de na maoluithe uile. Tá earnáil an chultúir, an spóirt agus na turasóireachta sa dara háit ag thart ar 15 %,

agus seirbhísí poiblí ag thart ar 10 % ina dhiaidh sin.

Cumhdaítear 14 % eile de mhaoluithe le bia agus fáilteachas, mar aon le seirbhísí airgeadais. Is lú ná 19 % an earnáil shóisialta, feirmeoirí (lena n-áirítear talmhaíocht), leas ainmhithe agus craoltóireacht le chéile, ag a bhfuil 3 mhaolú an ceann.

Áirítear leis an 10 % eile idirbhearta éagsúla de chineál eacnamaíoch difriúil.

Fíor 4:



Soláthraítear in **Iarscríbhinn 2** liosta simplithe maoluithe, arna miondealú de réir earnáil eacnamaíoch.

3.2 Maoluithe maidir le hearraí agus seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III[12]

Baineann na maoluithe sa chatagóir seo le soláthar earraí agus seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir CBL, **cé is moite de phointí 1-6 agus 10c**. Leis na rialacha caighdeánacha a leagtar amach in Airteagal 98(2) den Treoir CBL, ní cheadaítear rátaí CBL forlaghdaithe ná nialasacha a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí agus na seirbhísí sin. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 105a(1).

Is maoluithe buana iad na maoluithe sin. Is féidir leis na Ballstáit a chuireann i bhfeidhm iad leanúint de sin a dhéanamh tar éis an 1 Eanáir 2032, agus fiú tar éis na socruithe cinntitheacha a leagtar amach in Airteagal 402 den Treoir CBL a ghlacadh.

Sa chatagóir seo, cuireann **7 mBallstát 33 mhaolú san iomlán** i bhfeidhm.


Is i **Lucsamburg** atá an sciar is mó (45 %) sa chatagóir seo, le 15 mhaolú, agus **an Iodáil** ina dhiaidh sin, le 8 maolú (24 %).

[12] Airteagal 105a(1) den Treoir CBL.

Is í **Éire** an t-aon Bhallstát a chuir **ráta nialasach CBL** i bhfeidhm ar dhá mhaolú, is iad sin éadaí agus coisbheart leanaí, agus oibriú long solais, tithe solais agus bád tarrthála.

Cumhdaítear leis an **31 mhaolú** eile **cur i bhfeidhm rátaí forlaghdaithe idir 2,1 % agus 4 %**.

Fíor 5:



Agus **12 mhaolú** roinnte ag **4 Bhallstát**, is í an earnáil **tithíochta agus tógála** an earnáil a bhfuil an maolú is mó aici.

Cuireann **Lucsamburg** ráta forlaghdaithe 3 % i bhfeidhm ar fhéinsoláthar teaghaisí príobháideacha nua agus athchóirithe, lena n-áirítear a n-úsáid, chomh maith le hathchóiriú teaghaisí príobháideacha.

Cuireann **an Iodáil** ráta forlaghdaithe 4 % i bhfeidhm maidir le soláthar agus tógáil tithíochta neamh-shómasaí, leithdháileadh tithíochta, soláthar agus tógáil tithíochta feirmeoirí, tógáil foirgneamh agus saoráidí úsáide measctha áirithe i dtógáil foirgneamh, agus deireadh a chur le bacainní ailtireachta. Tá ráta forlaghdaithe 4 % i bhfeidhm **ag an nGréig** freisin i gcás na tíre sin.

Cuireann **an Spáinn** ráta forlaghdaithe 4 % i bhfeidhm ar thithíocht atá faoi chosaint phoiblí.

I réimsí **an chultúir, an spóirt agus na turasóireachta**, tá maoluithe ag **Lucsamburg** lena gcumhdaítear ráta forlaghdaithe 3 % le haghaidh seirbhísí a sholáthraíonn scríbhneoirí agus cumadóirí, rochtain ar imeachtaí, músaeim agus saoráidí spóirt, agus cóiríocht ghearrthéarmach.

Cuireann **an Fhrainc** agus **an Chipir** rátaí forlaghdaithe, 2,1 % agus 3 % faoi seach, i bhfeidhm maidir leis na chéad taibhithe amharclainne.

Cuireann **Lucsamburg** agus **an Chipir** araon ráta forlaghdaithe 3 % i bhfeidhm ar **sheirbhísí poiblí** amhail bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola, diúscairt séarachais agus cóireáil séarachais. Cuireann **Lucsamburg** an ráta sin i bhfeidhm freisin maidir le seirbhísí adhlacóra agus créamtha.

Mar a luadh cheana, is í **Éire** an t-aon Bhallstát a chuir ráta nialasach CBL i bhfeidhm ar oibriú long solais, tithe solais agus bád tarrthála.

Ó thaobh an **bheartais shóisialta** de, cuireann Éire ráta nialasach CBL i bhfeidhm freisin maidir le soláthar éadaí agus coisbheart leanaí, ach cuireann **Lucsamburg** ráta laghdaithe 3 % i bhfeidhm. Sa **Spáinn**, tá seirbhísí a bhaineann le cúram daoine cleithiúnacha faoi réir ráta forlaghdaithe 4 %.

Tá rátaí forlaghdaithe socraithe ag **an bhFrainc**, ag **an Iodáil** agus ag **Lucsamburg** d'idirbhearta áirithe a bhaineann le **craoltóireacht raidió nó teilifíse**. Is iad 2,1 % sa Fhrainc, 3 % i Lucsamburg agus 4 % san Iodáil atá sna rátaí sin.

Maidir le hearnáil an **bhia agus an fháilteachais**, cuireann **Lucsamburg** ráta forlaghdaithe 3 % i bhfeidhm ar sheirbhísí bialainne agus lónadóireachta. San **Iodáil**, tá bia agus deochanna i gceaintíní faoi réir ráta 4 %.

Maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann **feirmeoirí**, tá ráta forlaghdaithe 3 % bunaithe ag **Lucsamburg** ar ionchuir talmhaíochta.

3.3 Maoluithe le haghaidh earraí agus seirbhísí nach liostaítear in Iarscríbhinn III[13]

Baineann na maoluithe sa chatagóir seo le soláthar earraí agus seirbhísí **nach liostaítear in Iarscríbhinn III**. Leis na rialacha caighdeánacha a leagtar amach in Airteagal 98(1) den Treoir CBL, ní cheadaítear rátaí laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí agus na seirbhísí sin. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 105a(3) den Treoir CBL. Ceanglaítear le hAirteagal 105a(3) nach mbeidh an ráta CBL **níos lú ná 12 %**.

Murab ionann agus iad siúd a thagann faoi Airteagal 105a(2), **tá na maoluithe sin buan**, toisc go n-urramaíonn siad an t-íosráta CBL de 12 %. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit a chuireann i bhfeidhm iad leanúint de sin a dhéanamh tar éis an 1 Eanáir 2032, agus fiú tar éis na socruithe cinntitheacha a leagtar amach in Airteagal 402 den Treoir CBL a ghlacadh.

Chuir **6 Bhallstát 28 maolú** san iomlán i bhfeidhm faoi Airteagal 105a(3) den Treoir CBL.

Le 14 mhaolú, cumhdaíonn **Éire** 50 % den chatagóir sin, agus **Lucsamburg** ina dhiaidh sin, le 6 mhaolú (21 %), agus **Málta**, le 4 mhaolú (14 %).

Tá na **rátaí páirceála** a chuirtear i bhfeidhm sa chatagóir seo idir 12 % i **Málta** agus 14 % i **Lucsamburg**.

San earnáil **tithíochta agus tógála**, cuireann **Éire** ráta páirceála 13,5 % i bhfeidhm maidir le soláthar maoine dochorraithe áirithe, oibreacha coincréite agus tithe soghluaiste a úsáidtear mar áiteanna cónaithe.

I réimsí **an chultúir, an spóirt agus na turasóireachta**, cuireann **Málta** agus **Éire** rátaí páirceála 12 % agus 13,5 % i bhfeidhm faoi seach maidir le modhanna áirithe iompair a fhruiliú go gearrthéarmach. Cuireann **Éire** an ráta 13,5 % sin i bhfeidhm freisin maidir le seirbhísí marcach agus seirbhísí treoraithe turais.

Is **seirbhísí airgeadais** iad cumhdach agus bainistíocht urrús, chomh maith le bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa, atá faoi réir rátaí páirceála 12 % i **Málta** agus 14 % i **Lucsamburg**.

[13] Airteagal 105a(3) den Treoir CBL.

Tá soláthairtí áirithe a bhaineann le fíon sna hearnálacha **bia agus fáilteachais** faoi réir rátaí páirceála 13 % san **Ostair** agus sa **Phortaingéil**, agus 14 % i **Lucsamburg**.

Tá ráta páirceála 13,5 % ag **Éirinn** le haghaidh idirbhearta a bhaineann le **hainmhithe**, lena n-áirítear seirbhísí tréidliachta agus soláthar agus inseamhnú cúnna.

Cuireann **an Phortaingéil** agus **an Ghréig** maoluithe i bhfeidhm lena gcumhdaítear idirbhearta **d'fheirmeoirí**, is é sin ráta páirceála 13 % le haghaidh uirlisí agus trealamh talmhaíochta.

I **seirbhísí poiblí**, cuireann **Lucsamburg** ráta páirceála 14 % i bhfeidhm maidir le soláthar teasa, fuaraithe agus gaile.

Cumhdaítear leis an gcatagóir seo roinnt mhaith maoluithe eile a bhaineann le hidirbhearta éagsúla. Mar shampla, cuireann **Málta** agus **Éire** rátaí CBL 12 % agus 13,5 % faoi seach i bhfeidhm ar sheirbhísí cúraim coirp. Cuireann **Éire** ráta 13 % i bhfeidhm freisin maidir le soláthairtí fótagrafacha agus soláthairtí gaolmhara, seirbhísí deisiúcháin áirithe, agus seirbhísí teagascóirí tiomána. Cuireann **Lucsamburg** ráta CBL 14 % i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí níocháin agus glantacháin, agus ar ábhar fógraíochta clóite.

3.4 Maoluithe maidir le tithíocht nach cuid de bheartas sóisialta í[14]

Cumhdaítear leis an gcatagóir seo maoluithe maidir le rátaí laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm nach lú ná an t-íosmhéid 5 % maidir le **hidirbhearta tithíochta nach cuid de bheartas sóisialta iad**. Na Ballstáit a chuir na rátaí laghdaithe sin i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais an 1 Eanáir 2021, féadfaidh siad leanúint de sin a dhéanamh.

Mar sin féin, ní leanfaidh na maoluithe sin **de bheith buan** ach amháin má áirithíonn na Ballstáit, **ón 1 Eanáir 2042**, **nach** dtitfidh na rátaí laghdaithe CBL a chuirtear i bhfeidhm ar na hidirbhearta sin **faoi bhun 12 %**, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 105b(1) den Treoir CBL.

Is í **an Iodáil** an t-aon Bhallstát sa chatagóir sin, agus **ráta laghdaithe CBL 10 %** á chur i bhfeidhm aici ar idirbhearta áirithe san earnáil **tithíochta agus tógála**. Áirítear orthu sin soláthar agus tógáil teaghaisí príobháideacha neamh-shómasacha agus oibreacha athchóirithe, chomh maith le soláthar foirgneamh athchóirithe.

3.5 Maoluithe lena ngabhann roghanna arna ndéanamh faoi Airteagal 105a(5)

Le hAirteagal 105a(5) den Treoir CBL, tugadh deis do na Ballstáit **roghnú ó na maoluithe** a chuir Ballstáit eile i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021. Chun maoluithe a choinneáil, bhí ar na Ballstáit iad sin a chur in iúl don Choiste um CBL faoin 7 Iúil 2022. Bhí ar na Ballstáit ar mian leo na roghanna sin a fheidhmiú na rialacha mionsonraithe lena rialaítear iad a ghlacadh faoin 7 Deireadh Fómhair 2023. Bhí orthu freisin téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlac siad a chur in iúl don Choiste um CBL.

[14] Airteagal 105b den Treoir CBL.


Fuair an Coimisiún teachtaireachtaí den sórt sin ón **gCipir**, ón **nGréig** agus ó **Mhálta**. Rinne na trí Bhallstát sin roghanna maidir le **naoi maolú** a chuir **cúig Bhallstát eile** i bhfeidhm ar dtús.

Chinn **an Chipir** ráta forlaghdaithe 3 % a chur i bhfeidhm ar na chéad taibhithe amharclainne, arna roghnú ón **bhFrainc**[15], chomh maith le bailiú agus cóireáil dramhaíola agus diúscairt agus cóireáil séarachais, arna roghnú ó **Lucsamburg**, a bhfuil an ráta céanna 3 % i bhfeidhm aige.

Roghnaigh **Málta** ráta páirceála 12 % a chur i bhfeidhm maidir le fruiliú gearrthéarmach modhanna áirithe iompair agus seirbhísí cúraim coirp, mar a dhéanann **Éire**[16], chomh maith le cumhdach agus bainistíocht urrús agus bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa, mar a dhéanann **Lucsamburg**[17].

Chinn **an Ghréig** an ráta CBL forlaghdaithe céanna 4 % a chur i bhfeidhm maidir le deireadh a chur le bacainní ailtireachta agus a bhaineann leis **an Iodáil**, agus an ráta páirceála céanna 13 % a chur i bhfeidhm ar sholáthar uirlisí agus trealaimh talmhaíochta agus atá ag **an bPortaingéil**.

Fíor 6:



4. Ionchas

Tar éis an athchóirithe ar rátaí CBL in 2022, cuirtear faisnéis luachmhar ar fáil sa tuarascáil seo maidir leis na maoluithe a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm thar na gnáthrialacha, amhail iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir CBL. Cuireann sé sin le **trédhearcacht** níos fearr maidir le rátaí CBL.

Léirítear san athbhreithniú ar mhaoluithe ar fud na mBallstát **dáileadh éagsúil agus míchothrom** ina gcur i bhfeidhm, agus tá comhchruinniú suntasach i roinnt Ballstát agus tosaíocht d'earnálacha eacnamaíocha sonracha..

Beidh na barúlacha sin, mar aon le roinnt mhaith eile, úsáideach do **thuarascáil 2028 maidir le raon feidhme Iarscríbhinn III**, i gcomhréir le hAirteagal 100 den Treoir CBL, agus d'aon togra a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an tuarascáil.

Ráta [15] CBL a chuirtear i bhfeidhm sa Fhrainc: 2,1 %.
[16] Ráta CBL a chuirtear i bhfeidhm in Éirinn: 13,5 %.
[17] Ráta CBL a chuirtear i bhfeidhm i Lucsamburg: 14 %.

Iarscríbhinn 1: Liosta simplithe maoluithe

	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
1	Éadaí agus coisbheart leanaí	Éire		105a(1)	RN	0,0 %
2	Oibriú long solais, tithe solais, bád tarrthála, etc.	Éire		105a(1)	RN	0,0 %
3	An chéad taibhiú amharclainne	An Fhrainc		105a(1)	RFL	2,1 %
4	Ranníocaíocht craoltóireachta poiblí	An Fhrainc		105a(1)	RFL	2,1 %
5	Ionchuir talmhaíochta	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
6	Éadaí agus coisbheart leanaí	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
7	Seirbhísí bialainne agus lónadóireachta	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
8	Cóiríocht ghearrthéarmach	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
9	Rochtain ar imeachtaí agus músaeim	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
10	Rochtain ar shaoráidí spóirt	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
11	Bailiú agus cóireáil dramhaíola	Lucsamburg	An Iodáil	105a(1)	RFL	3,0 %
12	Diúscairt agus cóireáil séarachais	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
13	Seirbhísí adhlacóra agus créamtha	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
14	Seirbhísí ó scríbhneoirí agus cumadóirí	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
15	Seirbhísí craolacháin raidió agus teilifíse	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
16	Féinsoláthar teaghaisí príobháideacha nua agus athchóirithe	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %

	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
17	Úsáid teaghaisí príobháideacha nua agus athchóirithe	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
18	Athchóiriú teaghaisí príobháideacha a úsáideann an t-úinéir	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
19	Athchóiriú teaghaisí príobháideacha a úsáideann daoine eile seachas an t-úinéir	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
20	An chéad taibhiú amharclainne	An Chipir	An Fhrainc	105a(1)	RFL	3,0 %
21	Bailiú agus cóireáil dramhaíola	An Chipir	Lucsamburg	105a(1)	RFL	3,0 %
22	Diúscairt agus cóireáil séarachais	An Chipir	Lucsamburg	105a(1)	RFL	3,0 %
23	Seirbhísí craolacháin raidió	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
24	Soláthar agus tógáil tithíochta neamh-shómasaí	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
25	Leithdháileadh tithíochta	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
26	Soláthar agus tógáil tithíochta feirmeoirí	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
27	Foirgnimh áirithe úsáide measctha a thógáil	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
28	Saoráidí áirithe i dtógáil foirgneamh	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
29	Deireadh a chur le bacainní ailtireachta	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
30	Bia agus deochanna i gceaintíní	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
31	Tithíocht faoi chosaint phoiblí	An Spáinn		105a(1)	RFL	4,0 %
32	Cúram a thabhairt do dhaoine i gcásanna spleáchais	An Spáinn	Lucsamburg	105a(1)	RFL	4,0 %

	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
33	Deireadh a chur le bacainní ailtireachta	An Ghréig	An Iodáil	105a(1)	RFL	4,0 %
34	Modhanna iompair a fhruiliú sa ghearrthéarma	Málta	Éire	105a(3)	RP	12,0 %
35	Seirbhísí cúraim coirp	Málta	Éire	105a(3)	RP	12,0 %
36	Cumhdach agus bainistíocht urrús	Málta	Lucsamburg	105a(3)	RP	12,0 %
37	Bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa	Málta	Lucsamburg	105a(3)	RP	12,0 %
38	Fíon arna sholáthar ag táirgeoir	An Ostair		105a(3)	RP	13,0 %
39	Fíonta boird	An Phortaingéil		105a(3)	RP	13,0 %
40	Uirlisí agus trealamh talmhaíochta	An Phortaingéil		105a(3)	RP	13,0 %
41	Uirlisí agus trealamh talmhaíochta	An Ghréig	An Phortaingéil	105a(3)	RP	13,0 %
42	Maoin dhochorraithe le haghaidh tithíochta	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
43	Maoin dhochorraithe seachas tithíocht	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
44	Oibreacha coincréite	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
45	Soláthairtí fótagrafacha agus soláthairtí gaolmhara	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
46	Modhanna iompair a fhruiliú sa ghearrthéarma	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
47	Seirbhísí deisiúcháin agus gaolmhara	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
48	Seirbhísí cúraim coirp	Éire		105a(3)	RP	13,5 %

	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
49	Seirbhísí marcach	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
50	Seirbhísí tréidlianna	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
51	Seirbhísí treoraithe turas	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
52	Seirbhísí teagascóra tiomána	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
53	Cúnna	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
54	Inseamhnú cúnna	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
55	Teach soghluaiste mar áit chónaithe	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
56	Fíon as fíonchaora úra	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
57	Níochán agus glanadh	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
58	Ábhar fógraíochta clóite	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
59	Teas, fuarú agus gal	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
60	Cumhdach agus bainistíocht urrús	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
61	Bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
62	Soláthar agus tógáil teaghaisí príobháideacha neamh-shómasacha	An Iodáil		105b	RL	10,0 %
63	Oibreacha athchóirithe	An Iodáil		105b	RL	10,0 %
64	Soláthar foirgneamh athchóirithe	An Iodáil		105b	RL	10,0 %

RN = ráta nialasach/díolúine

	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta

RFL = ráta forlaghdaithe

RP = ráta páirceála

Ballstáit a roghnaigh ón liosta de réir Airteagal 105a(5)

Ballstáit a bhfuil maolú acu maidir leis an idirbheart céanna

Iarscríbhinn 2: Liosta simplithe maoluithe de réir earnála

	Réimse beartais	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
1	Tithíocht, tógáil	Féinsoláthar teaghaisí príobháideacha nua agus athchóirithe	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
2	Tithíocht, tógáil	Úsáid teaghaisí príobháideacha nua agus athchóirithe	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
3	Tithíocht, tógáil	Athchóiriú teaghaisí príobháideacha a úsáideann an t-úinéir	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
4	Tithíocht, tógáil	Athchóiriú teaghaisí príobháideacha a úsáideann daoine eile seachas an t-úinéir	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
5	Tithíocht, tógáil	Soláthar agus tógáil tithíochta neamh-shómasaí	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
6	Tithíocht, tógáil	Leithdháileadh tithíochta	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
7	Tithíocht, tógáil	Soláthar agus tógáil tithíochta feirmeoirí	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
8	Tithíocht, tógáil	Foirgnimh áirithe úsáide measctha a thógáil	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
9	Tithíocht, tógáil	Saoráidí áirithe i dtógáil foirgneamh	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
10	Tithíocht, tógáil	Deireadh a chur le bacainní ailtireachta	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
11	Tithíocht, tógáil	Deireadh a chur le bacainní ailtireachta	An Ghréig	An Iodáil	105a(1)	RFL	4,0 %
12	Tithíocht, tógáil	Tithíocht faoi chosaint phoiblí	An Spáinn		105a(1)	RFL	4,0 %
13	Tithíocht, tógáil	Maoin dhochorraithe le haghaidh tithíochta	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
14	Tithíocht, tógáil	Maoin dhochorraithe seachas tithíocht	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
15	Tithíocht, tógáil	Oibreacha coincréite	Éire		105a(3)	RP	13,5 %

	Réimse beartais	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
16	Tithíocht, tógáil	Teach soghluaiste mar áit chónaithe	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
17	Tithíocht, tógáil	Soláthar agus tógáil teaghaisí príobháideacha neamh-shómasacha	An Iodáil		105b	RL	10,0 %
18	Tithíocht, tógáil	Oibreacha athchóirithe	An Iodáil		105b	RL	10,0 %
19	Tithíocht, tógáil	Soláthar foirgneamh athchóirithe	An Iodáil		105b	RL	10,0 %
20	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	An chéad taibhiú amharclainne	An Fhrainc		105a(1)	RFL	2,1 %
21	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	An chéad taibhiú amharclainne	An Chipir	An Fhrainc	105a(1)	RFL	3,0 %
22	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Cóiríocht ghearrthéarmach	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
23	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Rochtain ar imeachtaí agus músaeim	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
24	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Rochtain ar shaoráidí spóirt	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
25	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Seirbhísí ó scríbhneoirí agus cumadóirí	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
26	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Modhanna iompair a fhruiliú sa ghearrthéarma	Málta	Éire	105a(3)	RP	12,0 %
27	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Modhanna iompair a fhruiliú sa ghearrthéarma	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
28	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Seirbhísí marcach	Éire		105a(3)	RP	13,5 %

	Réimse beartais	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
29	Cultúr, Spórt, Turasóireacht	Seirbhísí treoraithe turas	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
30	Seirbhís phoiblí	Oibriú long solais, tithe solais, bád tarrthála, etc.	Éire		105a(1)	RN	0,0 %
31	Seirbhís phoiblí	Bailiú agus cóireáil dramhaíola	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
32	Seirbhís phoiblí	Bailiú agus cóireáil dramhaíola	An Chipir	Lucsamburg	105a(1)	RFL	3,0 %
33	Seirbhís phoiblí	Diúscairt agus cóireáil séarachais	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
34	Seirbhís phoiblí	Diúscairt agus cóireáil séarachais	An Chipir	Lucsamburg	105a(1)	RFL	3,0 %
35	Seirbhís phoiblí	Seirbhísí adhlacóra agus créamtha	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
36	Seirbhís phoiblí	Teas, fuarú agus gal	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
37	Bia agus fáilteachas	Seirbhísí bialainne agus lónadóireachta	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
38	Bia agus fáilteachas	Bia agus deochanna i gceaintíní	An Iodáil		105a(1)	RFL	4,0 %
39	Bia agus fáilteachas	Fíon arna sholáthar ag táirgeoir	An Ostair		105a(3)	RP	13,0 %
40	Bia agus fáilteachas	Fíonta boird	An Phortaingéil		105a(3)	RP	13,0 %
41	Bia agus fáilteachas	Fíon as fíonchaora úra	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
42	Seirbhísí airgeadais	Cumhdach agus bainistíocht urrús	Málta	Lucsamburg	105a(3)	RP	12,0 %
43	Seirbhísí airgeadais	Cumhdach agus bainistíocht urrús	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
44	Seirbhísí airgeadais	Bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa	Málta	Lucsamburg	105a(3)	RP	12,0 %

	Réimse beartais	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
45	Seirbhísí airgeadais	Bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
46	Sóisialta	Éadaí agus coisbheart leanaí	Éire		105a(1)	RN	0,0 %
47	Sóisialta	Éadaí agus coisbheart leanaí	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
48	Sóisialta	Cúram a thabhairt do dhaoine i gcásanna spleáchais	An Spáinn		105a(1)	RFL	4,0 %
49	Feirmeoirí	Ionchuir talmhaíochta	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
50	Feirmeoirí	Uirlisí agus trealamh talmhaíochta	An Phortaingéil		105a(3)	RP	13,0 %
51	Feirmeoirí	Uirlisí agus trealamh talmhaíochta	An Ghréig	An Phortaingéil	105a(3)	RP	13,0 %
52	Ainmhithe	Seirbhísí tréidlianna	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
53	Ainmhithe	Cúnna	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
54	Ainmhithe	Inseamhnú cúnna	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
55	Craoltóireacht, Raidió	Craoltóireacht, Raidió	An Fhrainc		105a(1)	RFL	2,1 %
56	Craoltóireacht, Raidió	Craoltóireacht, Raidió	Lucsamburg		105a(1)	RFL	3,0 %
57	Craoltóireacht, Raidió	Craoltóireacht, Raidió	Éire		105a(1)	RFL	4,0 %
58	Eile	Seirbhísí cúraim coirp	Málta	Éire	105a(3)	RP	12,0 %
59	Eile	Seirbhísí cúraim coirp	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
60	Eile	Soláthairtí fótagrafacha agus soláthairtí gaolmhara	Éire		105a(3)	RP	13,5 %

	Réimse beartais	Maolú/idirbheart	An Bhallstát atá á chur i bhfeidhm	Roghnaithe ó Bhallstát faoi Airteagal 105a(5)	Airteagal	Cineál ráta	Ráta
61	Eile	Seirbhísí deisiúcháin agus gaolmhara	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
62	Eile	Seirbhísí teagascóra tiomána	Éire		105a(3)	RP	13,5 %
63	Eile	Níochán agus glanadh	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %
64	Eile	Ábhar fógraíochta clóite	Lucsamburg		105a(3)	RP	14,0 %

RN = ráta nialasach/díolúine

RFL = ráta forlaghdaithe

RP = ráta páirceála

Ballstáit a roghnaigh ón liosta de réir Airteagal 105a(5)

Ballstáit a bhfuil maolú acu maidir leis an idirbheart céanna

Iarscríbhinn 3: Liosta mionsonraithe maoluithe de réir Ballstáit

An Ostair						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1		X		Soláthairtí fíona a dhéantar as fíonchaora úra faoi fho-cheannteidil 2204 21, 2204 22 agus 2204 29 den Ainmníocht Chomhcheangailte agus deochanna coipthe eile faoi cheannteideal 2206 den Ainmníocht Chomhcheangailte a tháirgtear laistigh de ghabháltas talmhaíochta intíre, ar choinníoll go soláthraíonn an táirgeoir na deochanna mar chuid dá ghnó talmhaíochta. Níl feidhm aige sin maidir le soláthar deochanna a tháirgtear as ábhair cheannaithe (e.g. fíonchaora, maistreán, úrfhíon, stoirm) nó a chuirtear ar fáil laistigh d'áitreabh an ghabháltais, lena n-áirítear gairdíní bialainne (Buschenschank). I gcás gabháltas talmhaíochta ina iomláine a aistriú chuig an gcéile nó chuig an gcomhpháirtí cláraithe, agus chuig sliochtaigh, leasleanaí, leanaí uchtaithe nó a gcéilí, a gcomhpháirtithe cláraithe nó a sliochtaigh, measfar gurb é aistrí an ghabháltais freisin táirgeoir na ndeochanna a thógtar ar láimh faoi chuimsiú aistriú an ghabháltais, a mhéid a bheadh an laghdú cánach infheidhme freisin maidir le soláthar na ndeochanna sin ag aistreoir an ghabháltais.	Ní áirítear fíon súilíneach le fíon ó fhíonchaora úra (fo-cheannteidil 2204 21 agus 2204 29 den Ainmníocht Chomhcheangailte). Áirítear le deochanna coipthe eile atá faoi cheannteideal 2206 den Ainmníocht Chomhcheangailte, mar shampla, leann úll, leann piorraí, fíon cuiríní agus meá. Ní áirítear deochanna driogtha anseo. Is iad na réamhriachtanais le haghaidh na córa fabhraí faoi § 10 mír 3 fomhír 11 UStG 1994 táirgeadh na dí ó fhíonchaora nó ó thorthaí an duine féin agus an soláthar laistigh de ghnó talmhaíochta an duine féin san Ostair. Tá sé díobhálach freisin a bheith ag díol trí fhiontar tráchtála an fhiontraí chéanna (e.g. bialann). Mura féidir a chinneadh cé acu a táirgeadh nó nár táirgeadh an fíon a dhíol an feirmeoir ó fhíonchaora a bhain sé féin nó a cheannaigh sé agus a mhéid a táirgeadh é, ní chaillteár an chóir fhabhrach go hiomlán dá bhrí sin. Sna cásanna sin, ní mór méid na córa fabhraí a chinneadh trí mheastachán a dhéanamh, agus an ceannach breise agus na gnáthrátaí toraidh á gcur san áireamh. Áirítear leis an aistriú gnó aistriú gnó *inter vivos* saor in aisce (e.g. le linn comharbas réamh-mheasta), an t-aistriú trí oidhreacht chomh maith le gnó a aistriú ar chomaoin. Is féidir an chóir fhabhrach a chur i bhfeidhm freisin i gcás léasú, ar choinníoll gur féidir glacadh leis nach ndéanfaidh an léasóir an gnó a bhainistiú arís ar a chuntas féin agus ar a riosca féin.	Ráta páirceála (13 %)

An Fhrainc						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1	X			Admhálacha ó na chéad taibhithe amharclainne de shaothair nuachruthaithe drámaíochta, liriciúla, ceoil nó cóiréagrafaíochta nó de shaothair chlasaiceacha atá athléirithe, chomh maith le seónna sorcais nach n-áirítear iontu ach cruthuithe bunaidh amháin a cheap agus a léirigh an chuideachta agus a iarrann ar sheirbhísí tráthrialta grúpa ceoltóirí. Sainítear i bhforaithne cineál na n-oibreacha agus socraítear líon na dtaibhithe a bhfuil feidhm ag na forálacha sin maidir leo. Níl feidhm ag na forálacha sin maidir le hadmhálacha ó: a. Taibhithe amharclainne de chineál pornagrafach; b. (Níl feidhm ag an bhforáil a thuilleadh). c. Gearrtar cáin ar dhíolacháin ticéad ag an ráta laghdaithe 5,5 % faoi na coinníollacha a leagtar amach in 2° de F d'Airteagal 278-0 BIS.	140 céad taibhithe amharclainne agus sorcais	Ráta forlaghdaithe (2,1 %)
2	X			Rannchuidiú craoltóireachta poiblí.	Rannchuidiú leis an gcraoltóireacht phoiblí	Ráta forlaghdaithe (2,1 %)

Éire						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1		X		Tithíocht	Soláthar earraí dochorraithe a úsáidtear nó atá le húsáid chun críocha cónaithe.	Ráta páirceála (13 %)

2		X		Maoin dhochorraithe neamhchónaithe	15. (1) Soláthar earraí dochorraithe, seachas earraí dochorraithe a úsáidtear nó atá le húsáid chun críocha cónaithe. (2) Seirbhísí arb é atá iontu forbairt earraí dochorraithe (nach earraí dá dtagraítear i mír 9(1)) agus obair ar na hearraí sin (lena n-áirítear suiteáil daingneán), i gcás nach mó ná dhá thrian den mhéid iomlán ar a bhfuil cáin inmhuirir i leith an chomhaontaithe luach aon earraí sochorraithe a sholáthraítear faoi chomhaontú a bhaineann leis na seirbhísí.	Ráta páirceála (13,5 %)
3		X		Oibreacha coincréite	16. (1) Coincréit a sholáthar atá réidh le doirteadh, ach gan soláthar imeallscéime na coincréite a áireamh. (2) Soláthar bloc coincréite de chineál atá i gcomhréir leis an tsonraíocht i nDearbhú um Shonraíocht Chaighdeánach (Bloic Thógála Choincréite, Cuid 1, Bloic Ghnáthdhlúis) 1987 (Caighdeán Éireannach 20: Cuid 1: 1987), ach gan soláthar na mbloc sin a áireamh tríd an imeallscéim.	Ráta páirceála (13,5 %)
4		X		Soláthairtí fótagrafacha agus soláthairtí gaolmhara	18. (1) Soláthar priontaí grianghrafadóireachta (seachas earraí a tháirgtear trí phróiseas fótachóipeála), sleamhnáin nó claonchlónna do dhuine, ar táirgeadh iad ó earraí arna soláthar ag an duine sin. (2) Soláthar earraí arb iad— dearbhchlónna fótagrafacha (seachas earraí a táirgeadh trí phróiseas fótachóipeála) suite nó neamhshuite, ach nach bhfuil i bhfrámaí, (b) sleamhnáin agus claonchlónna, agus (c) scannán cineamatagrafach agus fís-scannán, a dhéanann taifeadadh ar dhaoine, rudaí nó teagmhais áirithe, arna soláthar faoi chomhaontú grianghraf a dhéanamh de na daoine, de na rudaí nó de na teagmhais sin. (3) Soláthar ag grianghrafadóir de—	Ráta páirceála (13,5 %)

					(a) claonchlónna a táirgeadh ó scannán a nochtadh chun críche ghnó an ghrianghrafadóra, agus (b) scannán a nochtadh chun críocha ghnó an ghrianghrafadóra. (4) Soláthar dearbhchlónna fótagrafacha a táirgeadh trí mheaisín díola a bhfuil ceamara agus trealamh réalta agus clóite ann. (5) Seirbhísí arb é atá iontu— (a) eagarthóireacht a dhéanamh ar scannán fótagrafach, cineamatagrafach agus fís-scannán, nó (b) micreascannánú. (6) Seirbhísí gníomhaireachta a bhaineann le soláthar a shonraítear i bhfomhír (1).	
5		X		Fruiliú ar feadh tréimhsí gearra	19. Fruiliú— (a) feithicil atá deartha agus déanta, nó oiriúnaithe, chun daoine a iompar de bhóthar, (b) soitheach atá deartha agus déanta chun paisinéirí a iompar agus nach mó ná 15 thona ar a mhéad, (c) aon chineál báid spóirt nó pléisiúir, nó (d) carbhán, teach soghluaiste, puball nó puball leantóra, maidir le duine faoi chomhaontú (seachas comhaontú den chineál dá dtagraítear i roinn 19(1)(c)) ar feadh aon téarma nó cuid de théarma nach mó ná 5 seachtaine nuair a chuirtear é le téarma fruilithe roimhe sin (cibé acu ar na hearraí céanna nó ar earraí eile den chineál céanna é) chuig an duine céanna i rith an 12 mhí dar críoch dáta tosaithe an fhruilithe láithrigh.	Ráta páirceála (13,5 %)
6		X		Seirbhísí deisiúcháin agus seirbhísí gaolmhara áirithe.	20. (1) Seirbhísí, seachas iad siúd a shonraítear i mír 13(2), arb é atá iontu— (a) earraí sochorraithe a dheisiú nó a chothabháil, nó (b) earraí sochorraithe úsáidte a mhodhnú (seachas	Ráta páirceála (13,5 %)

					obair chonarthach nó seirbhísí de chineál a shonraítear i bhfomhír (2)), ach gan soláthar na nithe seo a leanas a áireamh i gcúrsa aon deisithe, cothabhála nó modhnaithe den sórt sin— (i) gabhálais, ceangaltáin nó ceallraí, nó (ii) boinn, cásanna bonn, tráchta boinn idirmhalartaithe, feadáin inmheánacha agus flapaí boinn, le haghaidh rothaí de gach cineál. (2) Sonraítear na seirbhísí seo a leanas chun críocha fhomhír (1): (a) seirbhísí a shonraítear i mír 3(4) de Sceideal 2 (Obair ar earraí sochorraithe lena n-onnmhairiú); (b) seirbhísí a shonraítear i mír 4(2) de Sceideal 2 (Árthaí nó soithí farraige a dheisiú, etc.); (c) seirbhísí a shonraítear i mír 4(4) de Sceideal 2 (Deisiú, etc. trealaimh a úsáidtear in aerárthaí idirnáisiúnta).	
7		X		Seirbhísí arb é atá iontu aire a thabhairt do chorp an duine, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraítear i gcúrsa gnó stiúideo sláinte nó gnó dá shamhail ach gan gníomhaíochtaí díolmhaithe dá dtagraítear i gCuid 1 de Sceideal 1 nó seirbhísí gruagaireachta dá dtagraítear i mír 13(3) a áireamh.	21. (1) Seirbhísí arb é atá iontu aire a thabhairt do chorp an duine, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraítear i gcúrsa gnó stiúideo sláinte nó gnó dá shamhail ach gan gníomhaíochtaí díolmhaithe dá dtagraítear i gCuid 1 de Sceideal 1 nó seirbhísí gruagaireachta dá dtagraítear i mír 13(3) a áireamh.	Ráta páirceála (13,5 %)
8		X		Seirbhísí a sholáthraíonn marcaigh i gcúrsa a ngairme.	(2) Seirbhísí a sholáthraíonn marcaigh i gcúrsa a ngairme.	Ráta páirceála (13,5 %)
9		X		Seirbhísí a sholáthraíonn tréidlianna i gcúrsa a ngairme.	(3) Seirbhísí a sholáthraíonn tréidlianna i gcúrsa a ngairme.	Ráta páirceála (13,5 %)
10		X		Seirbhísí a sholáthraíonn treoraithe turas i gcúrsa a ngairme.	(4) Seirbhísí a sholáthraíonn treoraithe turas i gcúrsa a ngairme.	Ráta páirceála (13,5 %)
11		X		Teagasc i dtiomáint feithiclí bóthair inneallghluaiste, ach gan oideachas, oiliúint ná athoiliúint den chineál a shonraítear i mír 4(3) de Sceideal 1 a áireamh.	(5) Teagasc i dtiomáint feithiclí bóthair inneallghluaiste, ach gan oideachas, oiliúint ná athoiliúint den chineál a shonraítear i mír 4(3) de Sceideal 1 a áireamh. Le tabhairt do d'aire, luaitear i mír 4(3) de	Ráta páirceála (13,5 %)

					Sceideal 1 'Soláthar oideachais leanaí nó daoine óga, oideachais scoile nó ollscoile, nó oiliúna nó athoiliúna gairmiúla ag bunaíochtaí oideachais atá aitheanta ag an Stát (lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an soláthar sin, seachas soláthar seirbhísí taighde), agus soláthar oideachais, oiliúna nó athoiliúna den chineál céanna ag daoine eile, ach gan teagasc i dtiomáint feithiclí bóthair inneallghluaiste a áireamh seachas— (a) feithiclí atá deartha nó déanta chun 1,5 tona nó níos mó d'earraí a iompar, nó (b) feithiclí atá deartha nó déanta chun níos mó ná naonúr (lena n-áirítear an tiománaí) a iompar.	
12		X		Cúnna beo a sholáthar	(3) Cúnna beo a sholáthar.	Ráta páirceála (13,5 %)
13		X		Soláthar seirbhísí inseamhnaithe do chúnna	(4) Soláthar seirbhísí inseamhnaithe do chúnna.	Ráta páirceála (13,5 %)
14		X		Carbhán nó teach soghluaiste lena úsáid mar áit chónaithe.	1. (1) Féadfar an tOrdú Cánach Breisluacha (Aisíoc Cánach) (Uimh. 12), 1980, a ghairm den Ordú seo. (2) Measfar gur tháinig an tOrdú seo i ngníomh an 1ú lá de Mhárta, 1979. 2. (1) San Ordú seo ciallaíonn "an tAcht" an tAcht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972). (2) Folaíonn tagairt san Ordú seo do charbhán tagairt do theach soghluaiste nó d'aon struchtúr comhchosúil atá deartha go príomha chun críocha cónaithe. 3. Aon duine a shuífidh chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur iompraigh sé nó gur íoc sé cáin i ndáil le carbhán a sholáthar dó nó a allmhairiú aige agus a chomhlíonann chun sástacht na gCoimisinéirí sin na coinníollacha a shonraítear i mír 4 den Ordú seo, beidh sé i dteideal go n-aisíocfar leis an oiread sin den cháin sin a shonraítear i mír 5 den Ordú seo. 4. Is iad na coinníollacha atá le comhlíonadh ag	Ráta páirceála (13,5 %)

					duine dá dtagraítear i mír 3 den Ordú seo— (a) éileoidh sé aisíoc na cánach trí cibé foirm éilimh a chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil chuige sin a chomhlánú agus deimhneoidh sé go bhfuil na sonraí a thaispeántar san fhoirm éilimh sin ceart; (b) suífidh sé, maidir leis an gcarbhán a n-eascraíonn éileamh ar aisíoc cánach i ndáil leis— a úsáideann sé mar áit chónaithe bhuan dó féin agus nach bhfuil aon áit chónaithe eile aige sa Stát atá ar fáil lena áitiú aige ná (más fear pósta é a bhfuil a chéile in aontíos leis) nach bhfuil aon áit chónaithe eile aige sa Stát atá ar fáil lena áitiú, nó (ii) atá, i gcás údaráis áitiúil, á áitiú mar áit chónaithe ag tionónta de chuid an údaráis áitiúil; (c) déanfaidh sé, i gcás duine seachas údarás áitiúil, trí dheimhniú ón údarás áitiúil iomchuí nó cibé fianaise dhoiciméadach eile is inghlactha ag na Coimisinéirí Ioncaim a thabhairt ar aird, a shuíomh go bhfuil an carbhán rátáilte faoi na hAchtanna Luachála;	
15	X			Éadaí agus coisbheart leanaí	10. (1) Earraí éadaí pearsanta leanaí a sholáthar nach mó a méideanna ná méideanna na n-earraí sin atá oiriúnach do leanaí a bhfuil meándéanamh leanaí 10 mbliana d'aois orthu, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh— (a) earraí éadaí atá déanta go hiomlán nó go páirteach as craiceann fionnaidh seachas baill éadaigh nach bhfuil orthu ach ciumhsóga de chraiceann fionnaidh, mura rud é gur mó ná an cúigiú cuid d'achar an ábhair sheachtraigh achar na bearrtha, agus (b) earraí éadaí nach bhfuil tuairiscithe, lipéadaithe, marcáilte ná margaithe ar bhonn aoise nó méide. (2) Earraí coisbheart pearsanta leanaí a sholáthar nach mó a méideanna ná méideanna na n-earraí sin atá oiriúnach do leanaí a bhfuil meánmhéid coise 10 mbliana d'aois orthu, ach gan coisbheart a áireamh nach bhfuil tuairisc, lipéadú, marcáilte ná margaíocht déanta air ar bhonn aoise nó méide.	Díolúine (0 %)

					(3) Sa mhír seo, meastar gur leanbh 10 mbliana d'aois é leanbh atá 10 mbliana d'aois nó 10 mbliana agus codán de bhliain.	
16	X			Longa solais, tithe solais, seirbhísí bád tarrthála, áiseanna loingseoireachta	13. (1) Seirbhísí arna soláthar ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann i ndáil le hoibriú long solais, tithe solais nó áiseanna loingseoireachta eile. (2) Seirbhísí tarrthála beatha arna soláthar ag Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála lena n-áirítear eagrú agus cothabháil na seirbhíse bád tarrthála.	Díolúine (0 %)

An Iodáil						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1	X			Táillí síntiúis le haghaidh seirbhísí craolacháin raidió ciorclacha seachas iad siúd a chraoltar i bhfoirm chódaithe; seirbhísí craolacháin raidió seachas iad siúd a chraoltar i bhfoirm chódaithe a bhaineann go príomha le cúrsaí polaitiúla, ceardchumainn, cultúrtha, reiligiúnacha, spóirt, oideachais nó áineasa a dhéantar de bhun Airteagal 19(b) agus (c) de Dhlí Uimh. 103 an 14 Aibreán 1975. Áirítear freisin seirbhísí craolacháin raidió ciorclacha a bhaineann leis an tseirbhís iompair phoiblí nó le seirbhísí cíosa gluaisteán ó gharáiste.	Baineann sé, go bunúsach, leis an táille síntiúis do na seirbhísí raidió agus teilifíse poiblí. Ní bhaineann sé le teilifís íoctha. Caitear leis an tseirbhís tacsaithe raidió mar an tseirbhís craolacháin raidió chiorclaigh atá faoi réir an ráta forlaghdaithe 4 %.	Ráta forlaghdaithe (4 %)
2	X			Soláthar agus tógáil tithíochta neamh-shómasaí arbh í an rud ar a dtugtar '*prima casa*' (maoin chónaithe phríomhúil) den cheannaitheoir, chomh maith leis na gabhálais ábhartha (coinníollacha a leagtar amach i Nóta II-bis d'Airteagal 1 maidir leis na taraifí, cuid a haon, atá i gceangal leis an Téacs Comhdhlúite de na Forálacha maidir le Cáin Chlárúcháin, arna cheadú le Foraithne Uimh. 131 ón Uachtarán an 26 Aibreán 1986).	Tá feidhm aige faoi na coinníollacha seo a leanas: – Díolann an fiontar a thóg nó a d'athchóirigh an teach laistigh de 5 bliana ó chur i gcrích na n-oibreacha (nó, má roghnaíonn an duine inchánach cánachas iomlán, tar éis na tréimhse sin) nó má tá sé beartaithe é a úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta (tá díolacháin eile teaghaisí príobháideacha díolmhaithe ó CBL); – Ní leis an gceannaitheoir aon teaghais eile, lena n-áirítear teaghais *pro rata* nó tithe i gcoiteann lena chéile nó lena céile, sa bhardas ina bhfuil cónaí air	Ráta forlaghdaithe (4 %)

					nó uirthi (nó sa bhardas ina bhfuil sé nó sí i dteideal an prima casa a cheannach). Ina theannta sin, níl úinéireacht ag an gceannaitheoir ar fud na críche náisiúnta ar fad, fiú amháin ar bhonn *pro rata* ná i gcomhpháirt lena chéile nó lena céile, ar aon áit chónaithe eile a ceannaíodh ag baint úsáid as an laghdú ráta. Má tá teaghais eile ag an gceannaitheoir, féadfaidh sé/sí tairbhe a bhaint as an ráta laghdaithe ar cheannach an prima casa ar choinníoll go ndíolann sé/sí an iar-theaghais laistigh de bhliain amháin ón gceannach nua; – ní teach só é an teach (sainaithnítear tithe sómasacha de réir a n-aicmithe chadastraigh agus is iad seo a leanas iad: tithe maorga, tithe móra, páláis a bhfuil luach stairiúil agus ealaíonta ar leith ag baint leo agus caisleáin, faoi chatagóirí cadastracha A1, A8 agus A9); – tá an teach lonnaithe sa bhardas ina bhfuil cónaí ar an gceannaitheoir (nó chuig a n-aistríonn sé/sí a áit chónaithe laistigh de 18 mí) nó, i gcás nach ionann é, sa bhardas ina ndéanann an ceannaitheoir a ghnó nó a gnó nó, i gcás inar bhog an ceannaitheoir ar an gcoigríoch ar chúiseanna oibre, sa bhardas ina bhfuil a cheannoifig nó ina ndéanann a fhostóir/fostóir a ghnó nó, má chuaigh an ceannaitheoir ar imirce ar an gcoigríoch, in aon bhardas de chríoch na hIodáile. Féadfaidh foireann na bhfórsaí armtha agus na bhfórsaí slándála poiblí a prima casa a cheannach freisin i mbardas seachas an bardas ina bhfuil cónaí orthu; – beidh feidhm ag an laghdú fiú mura gcríochnaítear an mhaoin, ar choinníoll go gcoinnítear an úsáid bhunaidh bheartaithe ar bun.	
3	X			Leithdháiltí, lena n-áirítear ar bhonn conradh léasa le haghaidh úsáide, na maoine cónaithe dá dtagraítear in Uimh. 21), arna ndéanamh ag comharchumainn tithíochta agus a gcuibhreannais dá gcomhaltaí.	I gcás comharchumainn tithíochta: – d'fhéadfadh gurb é is príomhthréith dóibh go leithdháiltear an teach ar na comhaltaí d'fhonn a bheith ina n-úinéirí iarbhír ('cooperative a proprietà divisa' — comharchumainn tithíochta a bhfuil úinéireacht ar leithligh acu); – d'fhéadfadh gurb é is príomhthréith dóibh go leithdháiltear na teaghaisí ar na comhaltaí ar bhonn conradh léasa lena dtugtar an ceart iad a úsáid,	Ráta forlaghdaithe (4 %)

					gan aon aistriú úinéireachta, a fhanann leis an gcomharchumann (‘cooperative a proprietà indivisa’ — comharchumainn tithíochta a bhfuil comhúinéireacht acu). Deonaítear an laghdú ar an ráta do leithdháiltí teaghaisí ag comharchumainn tithíochta faoi na coinníollacha céanna leo siúd a sholáthraítear chun prima casa a shannadh: ní mór do na comhaltaí na ceanglais maidir le prima casa a cheannach a chomhlíonadh agus ní mór do na tithe a bheith ina dtithe ‘neamh-shómasacha’ agus ní mór dóibh a bheith lonnaithe sa bhardas cónaithe nó in aon bhardas eile ina gceadaítear an ráta laghdaithe (féach Uimh. 2).	
4	X			Soláthar agus tógáil tithe tuaithe atá beartaithe lena n-úsáid chun críocha cónaithe ag úinéir na talún nó ag aon duine eile atá ag gabháil do shaothrú na talún nó d’fheirmeoireacht beostoic agus gníomhaíochtaí a bhaineann le talmhaíocht, arna soláthar ag cuideachtaí tógála, fiú mura bhfuil siad críochnaithe, ar choinníoll go gcoinnítear an úsáid bhunaidh a bhí beartaithe, a mhéid a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9, mír 3, litreacha c) agus e), de Dhlí Foraithne Uimh. 557 an 30 Nollaig 1993, arna thiontú, le leasuithe, le Dlí Uimh. 133 an 26 Feabhra 1994.	– Tá na tithe beartaithe le haghaidh teaghais daoine a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí talmhaíochta, lena n-áirítear feirmeoireacht beostoic. Déantar foirgnimh seachas teaghaisí príobháideacha a eisiamh ón laghdú ar an ráta; – tá achar dromchla nach lú ná 10 000 méadar cearnach ag an talamh ar a bhfuil an foirgneamh agus tá sé cláraithe sa chlár talún leis an ioncam talmhaíochta ábhartha (Airteagal 9, mír 3, litir c); – ní mór saintréithe foirgneamh nach foirgnimh shómasacha iad a bheith ag foirgnimh le haghaidh úsáid chónaithe (Airteagal 9, litir e).	Ráta forlaghdaithe (4 %)
5	X			Seirbhísí arna soláthar faoi chonarthaí a bhaineann le tógáil na bhfoirgneamh dá dtagraítear in Airteagal 13 de Dhlí Uimh. 408 an 2 Iúil 1949, agus leasuithe ina dhiaidh sin, do dhaoine inchánacha atá ag gabháil d’fhoirgnimh a thógáil lena ndíol ina dhiaidh sin, lena n-áirítear comharchumainn tithíochta agus a gcuibhreannais, fiú i gcás ina bhfuil siad ina ‘*cooperative a proprietà indivisa*’.	Is infheidhme maidir le foirgnimh a bhfuil na saintréithe seo a leanas acu: – is foirgnimh chónaithe neamh-shómasacha iad, lena n-áirítear oifigí agus siopaí freisin; – má tá oifigí agus siopaí iontu freisin, ní mór níos mó ná 50 % d’achar dromchla iomlán na n-urlár os cionn leibhéal na talún a úsáid chun críoch cónaithe ach ní fhéadfar níos mó ná 25 % d’achar dromchla iomlán na n-urlár os cionn leibhéal na talún a úsáid chun críoch tráchtála. Tugtar an conradh tógála i gcrích le cuideachtaí atá ag gabháil do ghnó tógála foirgneamh lena ndíol ina dhiaidh sin, lena n-áirítear comharchumainn	Ráta forlaghdaithe (4 %)

					tithíochta agus a gcuibhreannais.	
6	X			Earraí, seachas amhábhair agus ábhair leathmhonaraithe, a sholáthrófar chun na foirgnimh dá dtagraítear in Airteagal 13 de Dhlí Uimh. 408 an 2 Iúil 1949, arna leasú, agus na foirgnimh tuaithe dá dtagraítear in Uimh. 21-bis a thógáil, lena n-áirítear 'in economia' (ar bhonn inmheánach)	Tá feidhm aige faoi na coinníollacha seo a leanas: – déantar na hearraí críochnaithe lena dtógáil a ionchorprú san fhoirgneamh gan a gcarachtar aonair a chailleadh. Is gnéithe struchtúracha agus/nó feidhmiúla den fhoirgneamh iad, agus dá bhrí sin bíonn siad ina gcuid lárnach díobh (e.g. earraí sláintíochta, píobáin, coirí, eilimintí radaitheoirí, etc.). Eisiatar amhábhair agus ábhair leathmhonaraithe (amhail brící, tíleanna, tairní, slata iarainn, aol, stroighin, etc.); – tá na hearraí críochnaithe lena dtógáil beartaithe chun foirgnimh chónaithe nach foirgnimh shómasacha iad a thógáil (teaghaisí príobháideacha, foirgnimh le haghaidh úsáid chónaithe den chuid is mó, foirgnimh tuaithe, nach gcáilíonn mar thithe sómasacha); – is féidir an soláthar a dhéanamh do chuideachtaí tógála, do chomharchumainn tithíochta agus do dhaoine aonair príobháideacha a thógann teaghaisí 'in economia'; – luaitear úsáid bheartaithe an earra chríochnaithe i ndearbhú an cheannaitheora agus faoina fhreagracht/freagracht.	Ráta forlaghdaithe (4 %)
7	X			Soláthar seirbhísí de bhun conarthaí le haghaidh oibreacha atá dírithe go díreach ar bhacainní ailtireachta a shárú nó deireadh a chur leo.	Is infheidhme maidir le hoibreacha chun deireadh a chur le bacainní ailtireachta a chuireann bac ar shoghluaisteacht daoine faoi mhíchumas, i bhfoirgnimh phríobháideacha agus phoiblí agus i bhfoirgnimh ar mhaithe le leas an phobail.	Ráta forlaghdaithe (4 %)
8	X			Soláthar bia agus dí a dhéantar i gceaintíní foirne cuideachta agus idirchuideachta, i gceaintíní scoileanna de gach cineál agus de gach leibhéal, agus i bpantracha bia, fiú i gcás ina ndéantar an soláthar ar bhonn conarthaí soláthair nó comhaontuithe speisialta.	Tagraíonn sé seo do sholáthar béilí d'fhostaithe ina sosanna lóin sceidealaithe le linn uaireanta oibre agus do sholáthar béilí do dhaltaí le linn uaireanta scoile. Féadfar soláthar béilí a dhéanamh freisin faoi chonarthaí nó faoi chomhaontuithe speisialta arna dtabhairt i gcrích ag an bhfostóir nó leis an scoil.	Ráta forlaghdaithe (4 %)
9			X	Soláthar agus tógáil teaghaisí príobháideacha nach teaghaisí sómasacha iad, lena n-áirítear iad siúd a leithdháiltear faoi úinéireacht nó ar bhonn conradh	Is infheidhme maidir le soláthar agus tógáil na nithe seo a leanas: – teaghaisí príobháideacha neamh-shómasacha.	Ráta laghdaithe (10 %)

				léasa lena n-úsáid ag comharchumainn tithíochta agus ag a gcuibhreannais dá gcomhaltaí, fiú mura bhfuil siad críochnaithe, ar choinníoll go gcoinnítear an úsáid bhunaidh a bhí beartaithe, i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Uimh. 21) de Chuid II de Thábla A; foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh, seachas na teaghaisí príobháideacha réamhráite, dá dtagraítear in Airteagal 13 de Dhlí 408 an 2 Iúil 1949, arna leasú agus arna bhforlíonadh ina dhiaidh sin, fiú mura mbeidh siad críochnaithe, ar choinníoll go mbeidh an úsáid bhunaidh a bhí beartaithe á cothabháil, arna soláthar ag cuideachtaí tógála.	Sainaithnítear tithe sómasacha de réir a n-aicmithe chadastraigh agus is iad seo a leanas iad: tithe maorga, tithe móra, páláis a bhfuil luach stairiúil agus ealaíonta ar leith ag baint leo, caisleáin, faoi chatagóirí cadastracha A1, A8 agus A9) (féach pointe 4) seachas an prima casa (féach pointe 4); – teaghaisí príobháideacha neamh-shómasacha arna leithdháileadh ag comharchumainn tithíochta agus a gcuibhreannais dá gcomhaltaí; – foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh, seachas prima casa, freisin má áirítear orthu oifigí agus siopaí, nach mbaineann saintréithe foirgneamh sómasach leo, fiú mura bhfuil siad críochnaithe, ar choinníoll go ndéantar an úsáid bhunaidh atá beartaithe a chothabháil, arna soláthar ag cuideachtaí tógála (d'fhéadfadh oifigí agus siopaí a bheith san áireamh sna foirgnimh freisin. Sa chás sin, ní mór níos mó ná 50 % d'achar dromchla iomlán na n-urlár os cionn leibhéal na talún a úsáid chun críoch cónaithe agus ní fhéadfar níos mó ná 25 % d'achar dromchla iomlán na n-urlár os cionn leibhéal na talún a úsáid chun críoch tráchtála (féach pointe 7)). Díolann an fiontar a thóg nó a d'athchóirigh an mhaoin dhochorraithe laistigh de 5 bliana ó chur i gcrích na n-oibreacha (nó, má roghnaíonn an duine inchánach cánachas iomlán, tar éis na tréimhse sin). Tá díolacháin eile tithe díolmhaithe ó CBL.	
10			X	'*Interventi di recupero*' (oibreacha athchóirithe) dá dtagraítear in Airteagal 31 de Dhlí Uimh. 457 an 5 Lúnasa 1978, cé is moite díobh siúd dá dtagraítear i litreacha a) agus b) den chéad mhír den Airteagal céanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le foirgnimh seachas foirgnimh chónaithe, foirgnimh phoiblí nó foirgnimh ar mhaithe le leas an phobail.	Is infheidhme maidir le feidhmíocht na hoibre athchóirithe foirgneamh seachas '*interventi di manutenzione ordinaria*' (oibreacha cothabhála agus deisiúcháin rialta) agus '*straordinaria*' (oibreacha speisialta chun an foirgneamh a athchóiriú).	Ráta laghdaithe (10 %)
11			X	Soláthairtí foirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh ar a ndearnadh obair athchóirithe foirgneamh de bhun Airteagal 31 de Dhlí Uimh. 457 an 5 Lúnasa 1978, cé is moite díobh siúd dá dtagraítear i litreacha a) agus b) den chéad mhír den Airteagal céanna, ag	Is infheidhme maidir le soláthar foirgneamh athchóirithe arna ndíol ag na gnóthais a rinne an obair athchóirithe.	Ráta laghdaithe (10 %)

				na cuideachtaí a rinne an obair.		

Lucsamburg						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1	X			Ionchuir talmhaíochta, seachas táirgí faoi cheannteideal AC 3808	Capaill, asail, miúileanna agus ráinigh bheo a bheartaítear de ghnáth lena n-úsáid chun earraí bia a ullmhú nó a úsáideann duine inchánach de ghnáth i ndáil lena ghnó talmhaíochta nó foraoiseachta; ainmhithe clóis beo den speiceas buaibheach; ainmhithe clóis beo den speiceas mucach; ainmhithe clóis beo den speiceas caorach agus den speiceas gabhair; éanlaith den speiceas Gallus domesticus; lachain, géanna, turcaithe agus éanlaith ghuine beo; coiníní clóis beo; beacha tí; riosóim rúbarb agus corónacha asparagus; plandaí agus fréamhacha siocaire (seachas fréamhacha AC 1212; crainn, toir agus sceacha, de chineálacha a mbíonn torthaí inite orthu, bídís beangaithe nó ná bídís; crainn foraoise; gearrthóga gan fréamhacha agus slapair fíniúnacha; pór beacán; síológa glasraí agus plandaí sútha talún; gránaigh; síolta ola agus torthaí olúla agus síolta agus torthaí ilghnéitheacha atá le cur agus atá ceaptha mar bhia d'ainmhithe; biatas siúcra agus cána siúcra, úr nó triomaithe, bíodh sé meilte nó ná bíodh; tuí ghránaigh agus crotail ghránaigh, bídís nó ná bídís mionghearrtha, meilte, brúite nó i bhfoirm millíní; seamhan, ubháin agus suthanna ainmhithe a choinnítear ar ghabháltas de ghnáth; aol beo agus aol teilgthe; móin (lena n-áirítear móin le haghaidh easair), bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh; leasacháin; amholann neamhshaoirsithe; seirbhísí talmhaíochta a chuireann de ghnáth le táirgeadh talmhaíochta nó foraoiseachta (saothrú, buaint, bualadh, fáscadh, bailiú agus buaint, lena n-áirítear cur agus plandú); pacáil agus pacáistiú, amhail earraí bia a thriomú, a stóráil, a iompar agus a stóráil, agus seirbhísí eile a chuireann de ghnáth le táirgeadh bia; pacáistiú agus cóiriú, amhail triomú, glanadh, brú, dífhabhtú	Ráta forlaghdaithe (3 %)

					agus sadhlasú táirgí talmhaíochta; stóráil táirgí talmhaíochta; seirbhísí a bhaineann le hinseamhnú saorga, bailiú uibheacha agus suthanna agus aistriú suthanna ó ainmhithe a choimeádtar ar fheirm de ghnáth; seirbhísí a bhaineann le feabhas a chur ar phórtha ainmhithe a thógtar de ghnáth ar ghabháltas talmhaíochta; ainmhithe a thógtar de ghnáth ar ghabháltas talmhaíochta a choinneáil, a phórú nó a ramhrú; capaill tarraingthe a fhruiliú; crainn torthaí a phrúnáil; seirbhísí tacaíochta teicniúla do ghabháltais talmhaíochta agus foraoiseachta, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le cigireacht ar tháirgí talmhaíochta nó foraoiseachta; scrios plandaí agus ainmhithe díobhálacha agus oibríochtaí díghalraithe agus spraeála a dhéantar i bpáirceanna, i gcoillte, in úlloird agus i bhfíonghoirt; suiteálacha uiscithe agus draenála a oibriú). Earraí eisiata: táirgí cosanta plandaí atá faoi cheannteideal AC 3808. Seirbhísí eisiata: innealra agus uirlisí talmhaíochta nó foraoiseachta a fhruiliú; iompar táirgí talmhaíochta nó foraoiseachta; leagan agus sciorradh adhmaid.	
2	X			Éadaí, ceannbheart, scaifeanna, lámhainní agus bróga do leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois	Éadaí, ceannbheart, scaifeanna agus lámhainní a thagann faoi réim chaibidlí AC 61, 62 agus 65, a mhéid atá siad deartha agus tipiciúil do leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois; bróga buachaillí a thagann faoi chaibidil AC 64, suas go dtí méid 40 agus an méid sin san áireamh; bróga cailíní a thagann faoi Chaibidil 64 de AC, suas go dtí méid 35½ (35 mura bhfuil aon leathmhéid ann) agus an méid sin san áireamh i gcás pumpaí (bróga éadroma, oscailte nó gearrtha go híseal gan ceangail), agus suas go dtí méid 38½ (38 mura bhfuil aon leathmhéid ann) agus an mhéid sin san áireamh i gcás aon chineál bróg eile, ar choinníoll nach mó ná 4 cm an airde sáile is mó, an bonn san áireamh.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
3	X			Seirbhísí bialainne agus lónadóireachta, seachas na seirbhísí sin nó an chuid de na seirbhísí sin a bhaineann le deochanna alcólacha		Ráta forlaghdaithe (3 %)

4	X			Cóiríocht in áitreabh a fhorchoimeádann duine inchánach chun cóiríocht dhíomuan a thabhairt do dhaoine agus chun campaí saoire nó láithreáin champála a ligean	Ligean cóiríochta nó seomraí faoi throscán ag oibritheoir bunaíocht óstáin agus, ar bhonn níos ginearálta, ag aon duine a oibríonn bunaíocht ina gcuirtear cóiríocht shealadach ar fáil d'aíonna íoctha, lena n-áirítear carbháin atá curtha ar bun san áitreabh a ligean; ligean áiteanna ag oibreoir campa saoire nó láithreáin champála; oibríochtaí atá coimhdeach le ligean, amhail uisce, leictreachas nó teas a sholáthar agus saoráidí na bunaíochta, an champa nó an láithreáin a chur ar fáil, sa mhéid nach ngearrtar táille as na hoibríochtaí sin mar sin.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
5	X			Rochtain a thabhairt ar cheolchoirmeacha, ar thaibhithe amharclainne, cóiréagrafacha agus cineamatagrafacha, ar sheónna, ar shiamsaíocht, ar chomhdhálacha, ar chúrsaí agus ar imeachtaí eile de chineál eolaíoch, cultúrtha, oideachasúil, eacnamaíoch nó gairmiúil, agus ar mhúsaeim, cartlanna, gairdíní luibheolaíocha nó zó-eolaíocha, páirceanna dúlra agus sorcais	Lena n-áirítear oibríochtaí coimhdeacha amhail seirbhís seomra cótaí, díolacháin clár agus áirithintí suíochán. Ní chumhdaítear leis seo idirbhearta coimhdeacha amhail seachadtaí deochanna, bia, tobac nó milseán.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
6	X			An ceart rochtana ar shaoráidí spóirt agus a n-úsáid a dheonú	Lena n-áirítear oibríochtaí coimhdeacha amhail áirithintí suíochán, seirbhísí seomra cótaí agus soláthar earraí spóirt. Ní chumhdaítear leis seo idirbhearta coimhdeacha amhail seachadtaí deochanna, bia, tobac nó milseán.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
7	X			Bailiú bruscair agus cóireáil dramhaíola	Lena n-áirítear an oibríocht choimhdeach a bhaineann le boscaí bruscair nó gabhdáin eile a sholáthar don úsáideoir chun dramhaíl tí a bhaint. Ní chumhdaítear leis seo seachadadh earraí a aisghabhtar ó scriosadh dramhaíola.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
8	X			Diúscairt agus cóireáil séarachais agus folmhú dabhcha séarachais agus dabhcha tionsclaíocha	Ní chumhdaítear leis seo seachadadh earraí a aisghabhtar i dtaca le diúscairt agus cóireáil fuíolluisce nó folmhú dabhcha séarachais agus dabhcha tionsclaíocha.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
9	X			Seirbhísí a sholáthraíonn adhlacóirí agus an lucht créamtha	Ní fholaíonn sé soláthairtí earraí arna ndéanamh ag adhlacóirí agus an lucht créamtha i ndáil le hadhlacadh, le dí-adhlacadh agus le créamadh, ar	Ráta forlaghdaithe (3 %)

					nós cónraí, fleasca nó bláthanna a sholáthar.	
10	X			Seirbhísí a sholáthraíonn scríbhneoirí, cumadóirí agus taibheoirí agus na ríchíosanna atá dlite dóibh		Ráta forlaghdaithe (3 %)
11	X			Glacadh seirbhísí craolacháin raidió agus teilifíse seachas na seirbhísí sin ina bhfuil ábhar atá beartaithe go heisiach do dhaoine fásta, gan beann ar an líonra cumarsáide leictreonaí a úsáidtear		Ráta forlaghdaithe (3 %)
					Tabhair do d'aire: Cuireann LU Airteagal 14(3) de Threoir 2006/112/CE i bhfeidhm, agus measann sé gurb é atá i soláthar maoine dochorraithe obair a dhéanamh ar mhaoin dhochorraithe, lena n-áirítear an obair sin a bhaineann le maoin shochorraithe a chorprú i maoin dhochorraithe, ach gan gnáthoibríochtaí cothabhála a dhéantar ar mhaoin dhochorraithe a áireamh. Teorainn: Ní mór do shonraisc aonair a bheith ar mhéid is mó ná EUR 1 250 gan CBL a áireamh.	
12	X			Úsáid teaghaise mar phríomháit chónaithe ag úinéir na teaghaise a ndearnadh oibreacha áirithe cruthaithe agus athchóirithe uirthi	Prionsabal: Meastar úinéir na teaghaise, chun an teaghais a thógáil/a athchóiriú, mar dhuine inchánach chun críocha CBL; cuireann soláthróirí agus soláthraithe na n-oibreacha chun an teaghais a chruthú agus a athchóiriú an ráta CBL is infheidhme de ghnáth i bhfeidhm maidir lena n-oibríochtaí; a luaithe a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích, déanann an t-úinéir soláthar na teaghaise dó féin ag an ráta forlaghdaithe CBL agus is féidir leis an CBL arna shonrascadh ag na soláthróirí agus ag na soláthraithe a asbhaint; ní leithdháiltear aon uimhir aitheantais CBL ar úinéir na teaghaise, mar sin ní féidir leis éadálacha earraí laistigh den Chomhphobal a dhéanamh. Oibríochtaí clúdaithe a bhaineann le 'cruthú', a dhéantar suas go dtí leibhéal na hoibre struchtúraí dúnta le céim an chríochnaithe lena n-áirítear urláir, síleálacha agus ballaí a chlúdach chomh maith lena nasc leis na bonneagair phoiblí seo a leanas: séarachas, uisce, leictreachas, gás, cumarsáid, téamh ceantair, bóithre: teaghais a thógáil; foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh a úsáideadh roimhe sin chun críocha eile a thiontú ina	Ráta forlaghdaithe (3 %)

					theaghais; síneadh teaghaise atá ann cheana féin; garáistí agus carrchlóis atá tadhlach leis an teaghais nó ar leithligh uathu ach atá suite in aice leis an teaghais a thógáil, a athchóiriú nó a leathnú, ar choinníoll go n-úsáideann úinéir na teaghaise iad leis an teaghais. Oibríochtaí a chumhdaítear i ndáil le "athchóiriú": obair shubstaintiúil feabhsúcháin a rinneadh tar éis teaghais a fháil agus a cuireadh i gcrích laistigh de 5 bliana ón éadáil sin; oibreacha feabhsúcháin substaintiúla ar theaghais a dtéann a tógáil siar 10 mbliana ar a laghad ag tús na n-oibreacha sin, arna gcur i gcrích laistigh de 2 bhliain ó thús na n-oibreacha sin, ar choinníoll go n-áirítear iad ar liosta na n-oibríochtaí a chumhdaítear faoi 'cruthú', nó go mbaineann siad le tógáil nó scartáil spiaraí inmheánacha, le druileáil doirse nó fuinneog nua, nó doirse nó fuinneoga atá ann cheana a bhlocáil suas.	
13	X			Teaghais a shannadh lena húsáid mar phríomháit chónaithe ag duine seachas úinéir na teaghaise a bhfuil oibreacha athchóirithe áirithe á ndéanamh uirthi	An prionsabal céanna agus atá faoi phointe 12a agus na hoibríochtaí céanna a chumhdaítear faoi 'athchóiriú' i bpointe 12a. Teorainn: Ní mór do shonraisc aonair a bheith ar mhéid is mó ná EUR 3 000 gan CBL a áireamh.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
14	X			Oibreacha cruthaithe agus athchóirithe áirithe a dhéantar ar mhaithe le teaghais a úsáideann úinéir na teaghaise mar phríomháit chónaithe	Prionsabal: Cur i bhfeidhm díreach an ráta forlaghdaithe ag soláthróir oibreacha cruthaithe/athchóirithe áirithe ar bhonn cinneadh údarúcháin sealadach arna eisiúint ag an riarachán inniúil CBL d'úinéir na teaghaise. Oibríochtaí a chumhdaítear: mar an gcéanna leo siúd a chumhdaítear i bpointe 12a.	Ráta forlaghdaithe (3 %)
15	X			Obair athchóirithe áirithe a dhéantar ar mhaithe le teaghais a úsáideann duine seachas úinéir na teaghaise mar phríomháit chónaithe	An prionsabal céanna a luaitear in 13a agus na hoibríochtaí céanna a chumhdaítear faoi 'athchóiriú' i bpointe 12a. Teorainneacha: ● Ní bhaineann an eilimint teaghaise tairbhe as an mbeart cánach ach amháin má úsáidtear í chun críche príomháite cónaithe: i gcás "cruthú", ar thaobh an úinéara amháin, i gcás "athchóiriú", ar thaobh an úinéara nó ar thaobh duine seachas an t-úinéir. ● Ní fhéadfaidh méid	Ráta forlaghdaithe (3 %)

					carnach na cánach a eascraíonn as cur i bhfeidhm, maidir le hoibreacha cruthaithe agus athchóirithe, ráta atá cothrom leis an difríocht idir an ráta is infheidhme de ghnáth agus an ráta forlaghdaithe (prionsabal phointe 13) agus an cháin aisíoctha (prionsabal phointe 12), níos mó ná EUR 50 000, faoi seach, in aghaidh na teaghaise a cruthaíodh agus/nó a athchóiríodh. ● Tréimhse 2 bhliain ar lena linn nach mór úsáid teaghaise a chuir ar a cumas tairbhiú den bheart cánach a fhágáil gan athrú.	
16		X		Fíon ó fhíonchaora úra ina bhfuil 13° nó níos lú alcóil, cé is moite d'fhíonta treisithe, d'fhíonta súilíneacha agus d'fhíonta licéir		Ráta páirceála (14 %)
17		X		Ullmhóidí níocháin agus glantacháin	Ullmhóidí níocháin atá bunaithe ar oibreáin dhromchlaghníomhacha (glantaigh), i bhfoirm leachtach, púdair nó taois, a úsáidtear chun miasa nó uirlisí cistine a ní, chun críoch tí nó tionsclaíoch; ullmhóidí cúntacha níocháin chun níochán a chur ar maos (réamhníochán), a shruthlú nó thuaradh; ullmhóidí glantacháin chun aire a thabhairt d'urláir, d'fhuinneoga nó do dhromchlaí eile, a bhféadfadh cainníochtaí an-bheag d'ábhar cumhra a bheith iontu	Ráta páirceála (14 %)
18		X		Ábhar fógraíochta clóite, catalóga trádála agus a leithéidí; foilseacháin bholscaireachta turasóireachta		Ráta páirceála (14 %)
19		X		Teas, fuarú agus gal, seachas teas a sholáthraítear le líonra téimh dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn A		Ráta páirceála (14 %)
20		X		Cumhdach agus bainistíocht urrús		Ráta páirceála (14 %)
21		X		Bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa ag duine nó comhlacht seachas iad siúd a dheonaigh na creidmheasanna		Ráta páirceála (14 %)

An Phortaingéil						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1		X		Fíon (fíonta boird coiteanna)	Ní áirítear 'fíonta speisialta' mar fhíonta treisithe, fíonta licéir nó fíonta súilíneacha le 'fíonta boird coiteanna'. Tá feidhm ag an ráta páirceála maidir le soláthar fíona, gan beann ar stádas sholáthróir nó fhaighteoir an táirge.	Ráta páirceála (13 %)
2		X		Uirlisí agus trealamh talmhaíochta, stórtha soghluaiste, saothraithe innealta, caidéil chumhachtaithe, caidéil leictreacha, tarracóirí talmhaíochta (a aicmítear amhlaidh i ndoiciméid an úinéara faoi seach), agus meaisíní agus gléasra eile atá beartaithe go heisiach nó go príomha don talmhaíocht, don tréadaíocht nó don fhoraoiseacht	Níl cur i bhfeidhm an ráta páirceála maidir le huirlisí agus trealamh talmhaíochta faoi réir coinníollacha breise, is é sin cineál nó stádas fhaighteoir na n-earraí. Níl feidhm ag an ráta páirceála maidir le soláthar páirteanna agus comhpháirteanna den trealamh sin amháin. De réir léirmhíniú an údaráis fhioscaigh, cumhdaítear leis an nath 'atá beartaithe go heisiach nó go príomha don talmhaíocht, don tréadaíocht nó don fhoraoiseacht' trealamh a dtugtar le tuiscint lena shaintréithe go n-úsáidtear é go heisiach nó go príomha sna gníomhaíochtaí sin.	Ráta páirceála (13 %)

An Spáinn						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1	X			Soláthar tithíochta a aicmítear ó thaobh riaracháin de mar thithíocht atá cosanta go hoifigiúil. Léasú foirgneamh nó codanna díobh atá beartaithe go heisiach le haghaidh teaghaisí a aicmítear ó thaobh riaracháin mar theaghaisí atá cosanta go hoifigiúil.	Cáilítear tithíocht le cosaint phoiblí amhlaidh de réir an dlí, agus paraiméadair áirithe d'achar uasta, praghas tithíochta agus teorainn ioncaim ceannaitheoirí nó úsáideoirí á gcur san áireamh	Ráta forlaghdaithe (4 %)

2	X			Seirbhísí teileachúraim, cúnamh baile, ionad lae agus oíche agus cúram cónaithe, do dhaoine i gcásanna spleáchais	Ní mór na seirbhísí a sholáthar in áiteanna socraithe in ionaid nó in áiteanna cónaithe nó trí phraghsanna a eascraíonn as comórtas riaracháin a dhámhtar ar na cuideachtaí soláthraithe. I nDlí 39/2006, an 14 Nollaig, maidir le hUathriail Phearsanta a Chur Chun Cinn agus Freastal ar dhaoine atá i staid spleáchais (BOE an 15 Nollaig), sainítear ábhar na seirbhísí sin.	Ráta forlaghdaithe (4 %)

Málta						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1		X		Cumhdach agus bainistíocht urrús		Ráta páirceála (12 %)
2		X		Bainistíocht creidmheasa agus ráthaíochtaí creidmheasa	Bainistíocht creidmheasanna agus ráthaíochtaí creidmheasa ag duine nó comhlacht seachas iad siúd a dheonaigh na creidmheasanna	Ráta páirceála (12 %)
3		X		Léas ar bhád pléisiúir	Léas báid pléisiúir do dhuine faoi shocrú ar feadh aon téarma nó cuid de théarma nach mó ná 5 seachtaine, nuair a chuirtear leis an téarma léasa roimhe sin é, ar na hearraí céanna nó ar earraí eile den chineál céanna, don duine céanna i rith an 12 mhí roimhe sin dar críoch dáta tosaithe an léasa atá ann cheana.	Ráta páirceála (12 %)
4		X		Cúram do chorp an duine	Seirbhísí arb é atá iontu cúram chorp an duine a cheanglaítear ar dhuine a sholáthar i bhfeidhmiú aon ghairme atá rialaithe ag an Acht um Ghairmeacha Sláinte (lch. 464), lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraítear i gcúrsa gnó stiúideo sláinte nó gnó dá samhail, ach gan soláthairtí díolmhaithe dá dtagraítear i mír 11 de Roinn a Dó den Chúigiú Sceideal a áireamh.	Ráta páirceála (12 %)

An Chipir						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1	X			Cead isteach ón gcéad taibhiú	Cead isteach ón gcéad taibhiú de shaothair amharclainne, ceoltóirí agus rince nó tionscadail chlasaiceacha	Ráta forlaghdaithe (3 %)
2	X			Glanadh sráideanna, bailiú bruscair agus cóireáil	Glanadh sráideanna, bailiú bruscair agus seirbhísí cóireála dramhaíola, cé is moite de sheirbhísí arna soláthar ag údaráis phoiblí, údaráis áitiúla agus comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí	Ráta forlaghdaithe (3 %)
3	X			Diúscairt agus cóireáil fuíolluisce	Diúscairt agus cóireáil séarachais agus folmhú dabhcha séarachais agus dabhcha tionsclaíocha	Ráta forlaghdaithe (3 %)

An Ghréig						
Uimhir	An bunús dlí			Téacs na bpríomhfhorálacha	Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm	Ráta nó díolúine
	105a(1)	105(3)	105b			
1	X			Soláthar seirbhísí a bhaineann le bacainní ailtireachta a shárú nó deireadh a chur leo	Soláthar seirbhísí ar bhonn conarthaí le haghaidh oibreacha atá beartaithe go heisiach chun bacainní ailtireachta a shárú nó a ghearradh, ar bacainní iad lena gcuirtear srian ar shoghluaisteacht daoine faoi mhíchumas i bhfoirgnimh phoiblí nó phríobháideacha nó i bhfoirgnimh a fhónann do leas an phobail. Is é a ceathair faoin gcéad (4 %) a bheidh sa ráta cánach le haghaidh na seirbhísí dá dtagraítear sa Chinneadh seo.	Ráta forlaghdaithe (4 %)
2		X		Innealra talmhaíochta	Tarracóirí talmhaíochta agus tarracóirí foraoiseachta, innealra talmhaíochta, fearais agus uirlisí	Ráta páirceála (13 %)